Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14217/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0347 (COD)**

**ENV 1087**
**ENER 549**
**IND 437**
**TRANS 673**
**ENT 151**
**SAN 579**
**AGRI 594**
**CODEC 1659**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 542 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 542 final.

Faoi iamh: COM(2022) 542 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.10.2022
COM(2022) 542 final

2022/0347 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip**

**(athmhúnlú)**

{SEC(2022) 542 final} - {SWD(2022) 345 final} - {SWD(2022) 542 final} -
{SWD(2022) 545 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Tá aer glan riachtanach do shláinte an duine agus do chothú an chomhshaoil. Tá feabhsuithe móra déanta san Aontas Eorpach (AE) ar cháilíocht an aeir le tríocha bliain anuas, a bhuí le hiarrachtaí comhpháirteacha an Aontais agus na n-údarás náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil sna Ballstáit chun drochthionchair an truaillithe aeir a laghdú[1]. Mar sin féin, is é truailliú aeir (agus go háirithe ábhar cáithníneach, dé-ocsaíd nítrigine agus ózón) is cúis le thart ar 300 000 bás anabaí in aghaidh na bliana (i gcomparáid le suas le 1 mhilliún sa bhliain i dtús na 1990idí) agus líon suntasach galar neamhtheagmhálach amhail asma, fadhbanna cardashoithíocha agus ailse scamhóg[2][3]. Tá an truailliú aeir fós ar an bpríomhchúis comhshaoil le bás luath san Aontas. Bíonn tionchar díréireach aige ar ghrúpaí leochaileacha amhail leanaí, daoine scothaosta agus iad siúd a bhfuil riochtaí orthu cheana féin, chomh maith le grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch[4]. Tá fianaise mhéadaitheach ann freisin go bhféadfadh truailliú aeir a bheith bainteach le hathruithe ar an néarchóras, amhail néaltrú[5].

Ina theannta sin, cuireann truailliú aeir an comhshaol i mbaol trí aigéadú, eotrófú agus damáiste d'ózón, rud a dhéanann damáiste d'fhoraoisí, d'éiceachórais agus do bharra. Tá eotrófú de dheasca dheascadh nítrigine níos mó ná ualaí criticiúla in dhá thrian de limistéir éiceachórais ar fud an Aontais, rud a bhfuil tionchar suntasach aige ar an mbithéagsúlacht[6]. Is féidir leis an mbrú truaillithe sin géarú ar chásanna barrachais nítrigine trí thruailliú uisce.

I mí na Samhna 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún a Sheiceáil Oiriúnachta ar na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh (Treoir 2004/107/CE agus Treoir 2008/50/CE)[7]. Baineadh de thátal as go raibh na Treoracha éifeachtach *i bpáirt* maidir le cáilíocht an aeir a fheabhsú agus caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a bhaint amach, ach nár comhlíonadh a gcuspóirí go léir go dtí seo.

I mí na Nollag 2019, sa Chomhaontú Glas don Eoraip[8], gheall an Coimisiún Eorpach cáilíocht an aeir a fheabhsú tuilleadh agus caighdeáin an Aontais maidir le cáilíocht an aeir a ailíniú

---

[1] Féach, mar shampla: EEA (2018), Air Quality in Europe, Tuarascáil 2018 [Cáilíocht an Aeir san Eoraip, Tuarascáil 2018]. Léirigh meastachán airmheánach na dtacar sonraí uile a bhí ar fáil 445 000 bás anabaí ar fud na hEorpa in aghaidh na bliana in 2015, i gcomparáid le cás 25 bliana roimhe sin nuair a bhásaigh 960 000 bás in aghaidh na bliana in 1990.

[2] Mar atá sonraithe ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 'galair neamhtheagmhálacha (NCDanna), ar a dtugtar galair ainsealacha freisin, is minic a mhaireann siad le fada agus is toradh iad ar mheascán de thosca géiniteacha, fiseolaíocha, comhshaoil agus iompraíochta. Bíonn tionchar díréireach ag galair neamhtheagmhálacha ar dhaoine i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim, áit a dtarlaíonn níos mó ná trí cheathrú de bhásanna NCDanna (31.4 milliún) ar fud an domhain.'

[3] Féach, mar shampla: EEA (2021), Air Quality in Europe 2021.

[4] Féach, mar shampla, EEA (2018): Teagmháil neamh-chomhionann agus tionchair neamh-chomhionanna: leochaileacht shóisialta maidir le truailliú aeir, torann agus teochtaí foircneacha san Eoraip.

[5] United States Environmental Protection Agency (2019 agus 2022): Measúnú comhtháite Eolaíochta le haghaidh Ábhar Cáithníneach; Forlíonadh ar Mheasúnú Comhtháite Eolaíochta 2019 le haghaidh Ábhar Cáithníneach.

[6] Féach, mar shampla, *The Second Clean Air Outlook* [an Dara Tuarascáil Ionchais maidir le hAer Glan], COM(2021) 3.

[7] Treoir 2004/107/CE maidir le harsanaic, caidmiam, mearcair, nicil agus hidreacarbóin iltimthriallacha aramatacha san aer comhthimpeallach agus Treoir 2008/50/CE maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip, arna leasú le Treoir (AE) 2015/1480 ón gCoimisiún.

[8] COM(2019) 640.

níos dlúithe le moltaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS). Rinneadh na moltaí ó EDS a athbhreithniú le déanaí i mí Mheán Fómhair 2021[9] agus tá siad faoi réir athbhreithniú eolaíoch tréimhsiúil, gach 10 mbliana de ghnáth. Deimhníodh an cuspóir sin maidir le hailíniú níos dlúithe leis na torthaí eolaíocha is déanaí sa phlean gníomhaíochta maidir le truailliú nialasach[10], lena n-áirítear fís do 2050 chun truailliú aeir (agus uisce agus ithreach) a laghdú chuig leibhéil nach meastar a bheith díobhálach a thuilleadh do shláinte agus d'éiceachórais nádúrtha, agus urraim á tabhairt do na teorainneacha ar féidir lenár bpláinéad déileáil leo, rud a chruthóidh timpeallacht atá saor ó thocsainí. Ina theannta sin, tugadh isteach spriocanna 2030, dhá cheann acu ar aer: tionchair an truaillithe aeir ar an tsláinte (básanna anabaí) a laghdú níos mó ná 55 %, agus an sciar d'éiceachórais an Aontais ina bhfuil truailliú aeir ag bagairt ar an mbithéagsúlacht a laghdú 25 %. Rannchuideodh caighdeáin níos déine maidir le cáilíocht an aeir le cuspóirí Phlean na hEorpa chun an Ailse a Chloí[11]. D'fhógair an Coimisiún freisin sa Chomhaontú Glas don Eoraip go neartódh sé faireachán, samhaltú agus pleanáil maidir le cáilíocht an aeir.

Mar thoradh ar ionsaí míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine, a thosaigh i mí Feabhra 2022, tháinig ceannairí an Aontais ar chomhaontú maidir leis an ngá atá ann dlús a chur leis an aistriú chuig táirgeadh fuinnimh ghlain, d'fhonn spleáchas an Aontais ar ghás agus ar bhreoslaí iontaise eile a allmhairítear ón Rúis a laghdú. An 18 Bealtaine 2022, glacadh pacáiste uaillmhianach beart de chuid RePowerEU, a raibh sé mar aidhm leis, i measc nithe eile, cabhrú leis na Ballstáit dlús a chur le húsáid an táirgthe fuinnimh in-athnuaite. Má chuirtear chun feidhme go pras é mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún[12], d'fhéadfadh comhthairbhí suntasacha a bheith ag an bpacáiste seo ó thaobh aerthruaillithe de.

Tá na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh mar chuid de chreat cuimsitheach beartais maidir le haer glan atá bunaithe ar thrí phríomhcholún. Cuimsíonn an chéad cheann na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh iad féin, lena leagtar síos caighdeáin cháilíochta le haghaidh leibhéil tiúchana de 12 thruailleán aeir chomhthimpeallaigh. Is í an dara treoir an Treoir maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú (Treoir NEC), ina leagtar amach gealltanais in aghaidh an Bhallstáit astaíochtaí príomhthruailleán aeir chomhthimpeallaigh agus a réamhtheachtaithe a laghdú, ag gníomhú dóibh laistigh den Aontas chun laghdú comhpháirteach ar thruailliú trasteorann a bhaint amach[13]. Leis sin, cuirtear iarrachtaí idirnáisiúnta, go háirithe trí Choinbhinsiún Aeir UNECE, chun astaíochtaí trasteorann ó lasmuigh den Aontas a laghdú[14]. Is éard atá sa tríú colún reachtaíocht lena leagtar síos caighdeáin astaíochtaí do phríomhfhoinsí truaillithe aeir, amhail feithiclí iompair de bhóthar, suiteálacha téimh baile agus suiteálacha tionsclaíocha[15].

---

9 WHO (2021) *WHO Global Air Quality Guidelines* [Treoirlínte Domhanda EDS maidir le Cáilíocht an Aeir].

10 COM (2021) 400.

11 COM(2021)44. I bhfianaise an Phlean chun an Ailse a Chloí is léir gur gá truailliú an aeir chomhthimpeallaigh a laghdú, rud is cúis le hailse scamhóg, i measc nithe eile. Áirítear sa phlean freisin togra reachtach in 2022 chun teagmháil oibrithe le haispeist a laghdú a thuilleadh, féach COM(2022(489).

12 COM(2022)230.

13 Féach Treoir 2016/2284/AE.

14 Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil ról freisin ag astaíochtaí truailleán aeir ó lasmuigh de Bhallstáit an Aontais i dtruailliú cúlra san Aontas. Féadfaidh ról lárnach a bheith ag Coinbhinsiún Aeir UNECE maidir leis na hastaíochtaí sin a laghdú, chomh maith le fothú acmhainneachta agus tacaíocht eile a thugann an tAontas i gcomhthéacs na bpróiseas aontachais, go háirithe do thíortha na mBalcán Thiar.

15 Lena n-áirítear Treoracha 2010/75/AE (maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha), 2015/2193/AE (maidir le gléasraí dócháin meánmhéide), 98/70/CE (maidir le cáilíocht bhreosla), 2016/802/AE (maidir le cion sulfair i mbreoslaí leachtacha), 2009/125/CE (maidir le héicidhearthóireacht), chomh maith le Rialacháin CE 443/2009 agus 510/2011 (maidir le caighdeáin astaíochtaí d'fheithiclí), Rialacháin (AE) 2016/427, (AE)

Bíonn tionchar freisin ar an méid truaillithe ó fhoinsí den sórt sin ag beartais eile a mbíonn tionchar acu ar phríomhghníomhaíochtaí agus ar phríomhearnálacha i réimsí amhail iompar, tionscal, fuinneamh agus aeráid, agus talmhaíocht. Tá cuid de na beartais sin mar chuid de na tionscnaimh a rinneadh faoin gComhaontú Glas don Eoraip, amhail an plean gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú, an Dlí Aeráide Eorpach[16] agus an pacáiste 'Oiriúnach do 55'[17] lena mbaineann tionscnaimh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh inathnuaite, an straitéis um meatán[18], an straitéis chuimsitheach um an tsoghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste[19], agus creat nua 2021 na soghluaisteachta uirbí atá gaolmhar[20], an straitéis bithéagsúlachta[21] agus an tionscnamh 'ón bhfeirm go dtí an forc'[22]. Ina theannta sin, táthar ag súil go mbeidh laghduithe suntasacha ar astaíochtaí truailleán ó ghluaisteáin, veaineanna, leoraithe agus busanna mar thoradh ar ghlacadh agus ar chur chun feidhme an togra Euro 7 atá le teacht (cf PLAN/2020/6308).

Leis an athbhreithniú ar na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh, dhéanfaí na Treoracha a chumasc in aon Treoir amháin, agus d'fhéachfaí leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- caighdeáin an Aontais maidir le cáilíocht an aeir a ailíniú ar dhóigh níos dlúithe le moltaí EDS
- an creat reachtach a fheabhsú tuilleadh (e.g. maidir le pionóis, agus faisnéis phoiblí)
- tacaíocht níos fearr a thabhairt d'údaráis áitiúla aer níos glaine a bhaint amach trí fhaireachán, samhaltú agus pleananna a neartú maidir le cáilíocht an aeir.

Léirítear sa mheasúnú tionchair gur mó i bhfad tairbhí an athbhreithnithe atá beartaithe don tsochaí ná na costais. Baineann na príomhthairbhí a bhfuiltear ag súil leo leis an tsláinte (lena n-áirítear básmhaireacht laghdaithe agus galracht, caiteachas laghdaithe ar chúram sláinte, laghdú ar an neamhláithreacht ón obair de bharr breoiteachta agus táirgiúlacht mhéadaithe ag an obair) agus an comhshaol (lena n-áirítear laghdú ar chaillteanais táirgeachta barr a bhaineann le hózón).

### 1.1. Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Is cuid de chlár oibre 2022 an Choimisiúin é an tionscnamh seo agus is príomhghníomhaíocht é sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach. Cosúil le gach tionscnamh faoin gComhaontú Glas don Eoraip, tá sé d'aidhm aige a áirithiú go mbainfear cuspóirí amach ar an mbealach is éifeachtaí agus is lú ualach agus go gcomhlíonfaidh sé an prionsabal 'gan dochar

2016/646, agus (AE) 2017/1154 (maidir le fíorastaíochtaí tiomána), agus Rialachán (AE) 2016/1628 (maidir le hinnealra soghluaiste nach innealra bóthair é).

[16] Rialachán (AE) 2021/1119.

[17] COM(2021) 550.

[18] COM(2020) 663.

[19] COM(2020) 789, lena n-áirítear gealltanas ón gCoimisiún staidéar tiomnaithe a sheoladh in 2023, lena ndéanfar na réitigh dhigiteacha agus theicniúla a bheadh ar fáil a mhapáil agus a shoiléiriú chun scéimeanna srianta níos éifeachtaí agus níos soláimhsithe um rochtain feithiclí ar cheantair uirbeacha (UVARanna) a chumasú, lena n-áirítear criosanna astaíochtaí ísle (LEZ), agus prionsabal na coimhdeachta á urramú ag an am céanna (féach COM(2021) 811 freisin).

[20] COM(2021) 811.

[21] COM(2020) 380.

[22] COM(2020) 381.

suntasach a dhéanamh'. Cuireann an togra le cur chun feidhme na huaillmhéine maidir le truailliú nialasach agus spriocanna an Phlean gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú i ndáil le cáilíocht an aeir, cosaint sláinte agus an comhshaol. Tá go leor beartas agus tosaíochtaí maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip ábhartha maidir le cur chun feidhme rathúil an togra, agus d'fhéadfadh an uaillmhian mhéadaithe faoin Treoir atá beartaithe a bheith chun tairbhe dóibh. Orthu sin, tá:

- Leis an Dlí Aeráide agus an pacáiste 'Oiriúnach do 55', mar gheall ar an uaillmhian mhéadaithe ina dtaobh maidir leis an aeráid, cothófar glacadh teicneolaíochtaí astaíochtaí ísle nó nialasacha le comhthairbhí do cháilíocht an aeir (amhail foinsí inathnuaite dodhóite, bearta éifeachtúlachta fuinnimh, soghluaisteacht leictreach). I measc na dtograí maidir le huaillmhian mhéadaithe tá uaillmhian mhéadaithe chóras trádála astaíochtaí an Aontais (ETS), uaillmhian mhéadaithe Rialachán an Aontais maidir le Comhroinnt Díchill, agus caighdeáin feidhmíochta níos déine maidir le hastaíochtaí $CO_2$ do charranna agus veaineanna lena gceanglaítear go mbeidh gach gluaisteán agus veaineanna nuachláraithe saor ó astaíochtaí ó 2035 ar aghaidh. Le caighdeáin níos déine maidir le cáilíocht an aeir faoin togra seo, beidh comhthairbhí ann don aeráid i bhfoirm astaíochtaí gás ceaptha teasa laghdaithe, go háirithe astaíochtaí CO2, ó dhó breoslaí iontaise, agus laghdú ar charbón dubh (BC), gníomhaí fórsála aeráide gearrshaolach (SLCF).

- Molann RePowerEU gníomhaíochtaí chun spleáchas na hEorpa ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú go tapa, lena n-áirítear laghdú foriomlán ar thomhaltas fuinnimh, éagsúlú allmhairí fuinnimh, breoslaí iontaise a ionadú agus dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh inathnuaite i nginiúint cumhachta, san earnáil tionsclaíochta, i bhfoirgnimh agus i gcúrsaí iompair agus in infheistíochtaí cliste. D'fhéadfadh sé a bheith chun tairbhe cháilíocht an aeir freisin má chuirtear dlús leis na gníomhartha sin.

- Le méadú ar ghlacadh foinsí fuinnimh inathnuaite dodhóite, laghdófar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus, dá bhrí sin, ar astaíochtaí truailleán aeir, rud a fheabhsóidh cáilíocht an aeir. I measc na dtionscnamh lena gcuirtear foinsí fuinnimh inathnuaite chun cinn tá togra 2021 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite (RED II)[23], lena gcuirtear spriocanna 2030 níos uaillmhianaí chun cinn, chomh maith le Teachtaireacht 2022 ón gCoimisiún maidir le RePower EU agus béim á leagan aici ar thús áite a thabhairt d'infheistíochtaí i bhfoinsí inathnuaite fuinnimh, go háirithe grianchumhacht agus gaoth, agus i dteaschaidéil, a bhfuil tairbhe ag baint leo go léir do cháilíocht an aeir freisin.

- I bhfianaise uaillmhian mhéadaithe maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus sprioc cheangailteach éifeachtúlachta fuinnimh de chuid an Aontais a bheith tugtha isteach tríd an togra le haghaidh Treoir athbhreithnithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh[24], laghdófar na riachtanais fuinnimh ar an iomlán, lena n-áirítear breoslaí iontaise agus, dá bhrí sin, laghdófar astaíochtaí truailleán aeir, rud a fheabhsóidh cáilíocht an aeir.

- Má dhéantar gníomhaíocht faoin Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste agus faoin gcreat gaolmhar nua soghluaisteachta uirbí 2021 lena dtacaítear leis an aistriú i dtreo astaíochtaí níos ísle agus iompar poiblí, beidh comhthairbhí dearfacha ann do cháilíocht an aeir. I measc na ngníomhaíochtaí a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo

[23] COM (2021) 557 final
[24] COM/2021/558 final

maidir le cáilíocht an aeir tá caighdeáin níos déine maidir le hastaíochtaí truailleán aeir d'fheithiclí innill dócháin (sa togra **Euro 7** atá le teacht)[25]; an togra le haghaidh rialachán maidir le **bonneagar breoslaí malartacha**[26]: tá gá le líonra cuimsitheach bonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe chun glacadh méadaithe breoslaí inathnuaite agus ísealcharbóin a éascú, lena n-áirítear leictrea-shoghluaisteacht, rud a mbeadh comhthairbhí tábhachtacha ag baint leis ó thaobh cháilíocht an aeir de.; i measc na dtograí le haghaidh **ReFuelEU Aviation** agus **FuelEU Maritime** tá bearta lena gcuirtear breoslaí níos glaine chun cinn, lena bhféadfaí astaíochtaí truailleán aeir a laghdú, agus chun cáilíocht an aeir gar do chalafoirt agus aerfoirt a fheabhsú trína cheangal go n-úsáidfí soláthar cumhachta ar talamh nó fuinneamh astaíochtaí nialasacha i mbeart ancaireachta le haghaidh cineálacha long sonracha agus breoslaí eitlíochta inbhuanaithe in aerárthaí. Dá réir sin, spreagann na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh gníomhaíocht mhéadaithe i gceantair uirbeacha chun aistriú chuig soghluaisteacht astaíochtaí níos ísle, limistéir astaíochtaí ísle a thabhairt isteach, úsáid an iompair phoiblí agus soghluaisteacht ghníomhach a mhéadú chun teorainnluachanna a bhaint amach.

- Tríd an gComhbheartas Talmhaíochta agus an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' a ghlasú, is féidir cuidiú le hastaíochtaí amóinia ón talmhaíocht a laghdú, mar shampla trí bhearta laghdaithe amóinia a chur chun cinn trí Phleananna Straitéiseacha CBT nó trí bhainistiú cothaitheach a fheabhsú.

- Cuideoidh caighdeáin níos déine maidir le cáilíocht an aeir faoin togra seo leis an éagsúlacht a chosaint i gcomhréir leis an Straitéis Bhithéagsúlachta, agus is féidir le beartais lena gcuirtear feabhas ar shláinte an éiceachórais, amhail an Dlí maidir le hAthchóiriú an Dúlra atá beartaithe, gnéithe d'aer glan a bhaint amach freisin.

## 1.2. Bunús dlí

Is in Airteagal 191 agus Airteagal 192 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), maidir leis an gcomhshaol, atá an bunús dlí atá ag an Aontas gníomhú maidir le cáilíocht an aeir. Leis na hAirteagail sin, tugtar de chumhacht don Aontas gníomhú chun cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú, chun sláinte an duine a chosaint agus chun bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun déileáil le fadhbanna comhshaoil réigiúnacha nó domhanda. Tá an bunús dlí céanna mar bhonn agus mar thaca ag na Treoracha reatha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh. Ós rud é gur réimse inniúlachta comhroinnte é seo idir an tAontas agus na Ballstáit, ní mór do ghníomhaíocht AE prionsabal na coimhdeachta a urramú.

## 1.3. Coimhdeacht agus comhréireacht

Ní féidir cuspóirí an tionscnaimh seo a bhaint amach go leordhóthanach ar leibhéal na mBallstát amháin. Is é is cúis leis sin, ar an gcéad dul síos, nádúr trasteorann an truaillithe aeir: léiríonn samhaltú atmaisféarach agus tomhais truaillithe aeir gan amhras go gcuireann an

[25] COM (2022), caighdeáin Eorpacha maidir le hastaíochtaí ó fheithiclí – Euro 7 le haghaidh carranna, veaineanna, leoraithe agus busanna (arna rochtain an 04.08.2022)
[26] COM(2021) 559 final

truailliú a astaítear i mBallstát amháin le truailliú tomhaiste i mBallstáit eile[27]. A luaithe a astaítear nó a fhoirmítear truailleáin aeir san atmaisféar, is féidir iad a iompar thar na mílte ciliméadar. Le scála na ceiste atá i gceist, tá gá le gníomhaíocht ar fud an Aontais chun a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit uile bearta chun na rioscaí don daonra i ngach Ballstát a laghdú.

Ar an dara dul síos, éilíonn CFAE beartais arb é is aidhm dóibh ardleibhéal cosanta a bhaint amach, agus éagsúlacht na staideanna ar fud an Aontais á gcur san áireamh[28]. Leis na Treoracha atá ann cheana, bunaíodh íoschaighdeáin cháilíochta aeir ar fud an Aontais ach fágtar faoi na Ballstáit rogha na mbeart, ionas gur féidir leo na bearta sin a chur in oiriúint do chúinsí sonracha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Coinnítear an prionsabal sin sa Treoir atá beartaithe, lena ndéanfaí an dá Threoir maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh atá ann cheana a chumasc in aon Treoir amháin.

Ar an tríú dul síos, ní mór cothroime agus comhionannas a áirithiú maidir le himpleachtaí eacnamaíocha na mbeart rialaithe truaillithe aeir agus maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a thaithíonn daoine ar fud an Aontais.

## 1.4. Prionsabal na comhréireachta

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta mar seo a leanas:

- dhá Threoir a chumasc, forálacha na dTreoracha atá ann cheana a chomhdhlúthú agus a shimpliú in aon Treoir amháin;

- fágtar na sonraí maidir le cur chun feidhme faoi bhráid na mBallstát a bhfuil imthosca náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ar eolas acu agus dá bhrí sin is fearr is féidir leo na bearta is cost-éifeachtúla a roghnú chun caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a bhaint amach;

- tairbhí suntasacha sláinte agus eacnamaíocha a chur ar fáil arb é an t-ionchas gur mó go soiléir iad na tairbhí sin ná costais na mbeart atá le déanamh;

- tá gá le measúnú níos beaichte ar cháilíocht an aeir trí cheanglas sonrach faireacháin agus samhaltaithe, ar féidir a bheith ag súil leis go gcothóidh sé bearta níos spriocdhírithe agus níos costéifeachtaí chun caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a chomhlíonadh.

## 1.5. Rogha ionstraimí

Is Treoir fós an ionstraim atá beartaithe, mar a bhí roimhe seo. Ní bheadh modhanna eile oiriúnach, ós rud é gurb é atá sa togra leanúint de chuspóirí a leagan síos ar leibhéal an Aontais ach rogha na mbeart comhlíonta a fhágáil faoi na Ballstáit, ar féidir leo na bearta sin a chur in oiriúint do chúinsí éagsúla náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, i.e. éagsúlacht agus sainiúlacht na gcásanna ar fud an Aontais a chur san áireamh. Éascaíonn leanúnachas rogha

[27] Féach, mar shampla, Atlas PM2.5 Uirbeach JRC ina ndéantar anailís ar fhoinsí truaillithe mínábhar cáithníneach in 150 cathair san Aontas Eorpach
[28] Airteagal 191.2 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (TFEU)

na hionstraime an dá Threoir atá ann cheana a chumasc agus a shimpliú in aon ionstraim amháin.

# 2. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX-POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA GEALLSEALBHÓIRÍ AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

## 2.1. Meastóireacht/seiceáil oiriúnachta agus tuairimí gaolmhara ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála (RSB)

Fuarthas amach sa tSeiceáil Oiriúnachta ar na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh[29] gur threoraigh siad bunú faireacháin ionadaíoch ardcháilíochta ar cháilíocht an aeir, gur leag siad síos caighdeáin shoiléire maidir le cáilíocht an aeir, agus gur éascaíodh faisnéis iontaofa, oibiachtúil, inchomparáide a mhalartú maidir le cáilíocht an aeir, lena n-áiríodh faisnéis don phobal i gcoitinne. Níor éirigh chomh maith céanna leo a chinntiú go ndearnadh beart leordhóthanach chun caighdeáin cháilíocht an aeir a chomhlíonadh agus chun fad na sáruithe a choinneáil chomh gearr agus ab fhéidir. Mar sin féin, léirigh an fhianaise a bhí ar fáil gur rannchuidigh Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh le treocht anuas i dtruailliú aeir agus gur laghdaíodh líon agus méid na sáruithe. Ba í an chonclúid, i bhfianaise an tseachadta pháirtigh sin, go raibh na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh oiriúnach don fheidhm den chuid is mó – agus ag an am céanna go raibh scóip ann chun feabhas a chur ar an gcreat atá ann cheana chun dea-cháilíocht aeir a bhaint amach ar fud an Aontais. Tháinig sé chun solais ón tSeiceáil Oiriúnachta go bhféadfadh treoir bhreise, nó ceanglais níos soiléire sna Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh iad féin, cabhrú le cur le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht faireacháin, samhaltaithe agus na bhforálacha maidir le pleananna agus bearta.

Fuarthas amach go raibh ról lárnach ag caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir i dtiúchan a thiomáint síos agus i leibhéil sáraithe a laghdú. Mar sin féin, níl caighdeáin AE maidir le cáilíocht an aeir ailínithe go hiomlán le moltaí sláinte seanbhunaithe[30], agus moill mhór ann i gcónaí maidir le bearta iomchuí agus éifeachtacha a dhéanamh chun na caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a chomhlíonadh.

Ar an iomlán, fuarthas amach go raibh an líonra faireacháin i gcomhréir le forálacha na dTreoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh atá ann cheana, agus chun a áirithiú go bhfuil sonraí iontaofa ionadaíocha maidir le cáilíocht an aeir ar fáil. Tugadh faoi deara, áfach, go bhfuil na critéir maidir le faireachán ró-scaoilte agus go bhfuil débhríocht ann do na húdaráis ábhartha.

Tar éis moltaí ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála, tugadh soiléiriú breise sa tSeiceáil Oiriúnachta i roinnt réimsí, lena n-áirítear maidir le difríochtaí idir caighdeáin an Aontais maidir le cáilíocht an aeir agus moltaí EDS, treochtaí agus faireachán maidir le cáilíocht an aeir, éifeachtacht na reachtaíochta maidir le caighdeáin cáilíochta aeir a bhaint amach, aiseolas ó gheallsealbhóirí agus tuiscint an phobail ar cháilíocht an aeir.

[29] SWD(2019)427

[30] Rinneadh athbhreithniú ar *Threoirlínte EDS maidir le Cáilíocht an Aeir* ó 2021 i leith.

## 2.2. Comhairliúchán leis na geallsealbhóirí

Ba é b'aidhm don chomhairliúchán le geallsealbhóirí faisnéis tacaíochta, sonraí, eolas agus tuairimí a bhailiú ó réimse cuimsitheach geallsealbhóirí, ionchur a chur ar fáil do na roghanna beartais éagsúla chun athbhreithniú a dhéanamh ar na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh, agus chun cuidiú le measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé iad a chur chun feidhme.

Bhí an **comhairliúchán poiblí oscailte** ar siúl ar feadh 12 sheachtain, mar cheistneoir ar líne ina raibh 13 cheist thosaigh agus 31 cheist shonrach, á óstáil ar uirlis Shuirbhé an Aontais Eorpaigh. Áiríodh sa cheistneoir saincheisteanna a bhí le cumhdach sa mheasúnú tionchair agus bailíodh tuairimí tosaigh maidir le leibhéal uaillmhéine agus tionchair fhéideartha roghanna áirithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh. Fuarthas 934 fhreagairt san iomlán, agus cuireadh 116 pháipéar seasaimh isteach. Fuarthas idir 11 agus 406 fhreagairt aonair ar cheisteanna oscailte – 124 fhreagairt ar an meán. Tháinig na freagairtí ó 23 Bhallstát éagsúla.

Foilsíodh an **suirbhé spriocdhírithe** ar Shuirbhé AE ina dhá chuid (cuid 1 maidir le réimse beartais 1 'caighdeáin cháilíochta aeir' an 13 Nollaig 2021, agus cuid 2 maidir le réimsí beartais 2 agus 3 'pleananna rialachais; faireacháin, samhaltaithe agus cáilíochta aeir' an 13 Eanáir 2022), agus is é an 11 Feabhra 2022 an sprioc-am le haghaidh aighneachtaí. Leis an suirbhé spriocdhírithe lorgaíodh tuairimí doimhne ó eagraíochtaí a bhfuil suim acu i rialacha an Aontais maidir le cáilíocht an aeir nó a oibríonn leo. Dá réir sin, seoladh an suirbhé chuig geallsealbhóirí spriocdhírithe, lena n-áirítear údaráis ábhartha ar leibhéil éagsúla rialachais, eagraíochtaí san earnáil phríobháideach, acadóirí agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta i ngach Ballstát den Aontas. Fuarthas 139 bhfreagra san iomlán ó 24 Bhallstát ar chuid 1 den suirbhé spriocdhírithe ar gheallsealbhóirí. Fuarthas 93 fhreagra san iomlán ó 22 Bhallstát ar chuid 2 den suirbhé.

Tionóladh **an chéad chruinniú le geallsealbhóirí** an 23 Meán Fómhair 2021 agus bhí 315 rannpháirtí seachtracha ann, bíodh sin ar an láthair nó ar líne, ó 27 mBallstát. Ba é an aidhm a bhí leis an gcéad chruinniú le geallsealbhóirí tuairimí a bhailiú maidir leis na heasnaimh a sainaithníodh sna Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh atá ann faoi láthair, chomh maith leis an leibhéal uaillmhéine don reachtaíocht athbhreithnithe.

Tionóladh **an dara cruinniú le geallsealbhóirí** an 4 Aibreán 2022 agus bhí 257 rannpháirtí seachtracha ann, bíodh sin ar an láthair nó ar líne, ó 23 Bhallstát. Ba é aidhm an chruinnithe aiseolas a bhailiú ó gheallsealbhóirí chun an measúnú tionchair a chur i gcrích.

Rinneadh **agallaimh spriocdhírithe** chun na gníomhaíochtaí comhairliúcháin eile a chomhlánú, go háirithe le hionadaithe ó údaráis phoiblí réigiúnacha agus náisiúnta, ón tsochaí shibhialta agus ó Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, agus ón saol acadúil agus ón taighde. Ba é príomhchuspóir na n-agallamh na bearnaí faisnéise atá fós ann agus a sainaithníodh sa mheastóireacht ar shuirbhé spriocdhírithe na ngeallsealbhóirí a líonadh. Dá bhrí sin, dhírigh na hagallaimh ar réimse beartais 2, go háirithe ar indéantacht, ar mhodhanna cur chun feidhme agus ar thionchair na roghanna éagsúla a breithníodh.

Ina theannta sin, cuireadh an méid seo a leanas san áireamh sa mheasúnú tionchair: 30 **aighneacht ad hoc** (páipéir sheasaimh, staidéir eolaíocha agus doiciméid eile) a fuarthas ó 25 gheallsealbhóir éagsúla; plé ag tríú **Fóram an Aontais maidir le hAer Glan** an 18 agus an 19 Samhain 2021; aiseolas ar an **measúnú tionchair tosaigh** ó 63 gheallsealbhóir ó 12 Bhallstát;

agus **tuairim an Ardáin 'Réidh don Todhchaí'** maidir leis an reachtaíocht maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh.

Thairis sin, léiríodh sa tuarascáil ar thoradh deiridh na **Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa** go n-éilíonn saoránaigh gníomhaíocht chun truailliú aeir a laghdú[31].

## 2.3. An saineolas arna úsáid

Baineadh úsáid as na réimsí saineolais seo a leanas agus an togra seo á fhorbairt: (1) anailís ar naisc idir truailliú aeir agus sláinte an duine, (2) meastachán ar thionchair sláinte, lena n-áirítear cainníochtú airgeadaíochta, (4) meastachán ar thionchair éiceachórais, (5) samhaltú maicreacnamaíoch, agus (6) measúnú ar cháilíocht an aeir agus saineolas bainistíochta.

Bailíodh an saineolas sin go príomha trí chonarthaí seirbhíse agus comhaontuithe deontais, leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, leis an Airmheán Comhpháirteach Taighde agus le sainchomhairleoirí éagsúla, i measc eagraíochtaí eile. Rinneadh na tuarascálacha uile ó shaineolaithe agus ó chonarthaí a uaslódáil go rialta ar an idirlíon lena ndáileadh go poiblí.

## 2.4. Measúnú tionchair agus tuairim an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála

Rinneadh anailís sa mheasúnú tionchair ar 19 rogha beartais (ina bhfuil 69 mbeart beartais) chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a sainaithníodh sna Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh atá ann faoi láthair maidir leis an gcomhshaol agus sláinte, rialachas agus forfheidhmiú, faireachán agus measúnú, chomh maith le faisnéis agus cumarsáid.

Rinneadh measúnú ar gach ceann de na roghanna beartais sin maidir lena n-iarmhairtí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha, lena chomhsheasmhacht le tosaíochtaí beartais eile agus leis an gcóimheas idir tairbhe agus costas a rabhthas ag súil leis.

Tá an pacáiste beartais tosaíochta leagtha amach thíos.

1. Caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir:

   a. caighdeáin shoiléire maidir le cáilíocht aeir an Aontais a leagan síos, arna sainiú mar theorainnluachanna le haghaidh 2030, bunaithe ar rogha pholaitiúil idir roghanna beartais 'ailíniú iomlán' (I-1), 'ailíniú níos dlúithe' (I-2) agus 'ailíniú páirteach' (I-3), le líon teoranta eisceachtaí sealadacha i gcás inar léir go bhfuil údar leo sin;

   b. ag léiriú peirspictíocht iar-2030 maidir le hailíniú iomlán le Treoirlínte 2021 EDS maidir le Cáilíocht an Aeir, agus ag an am céanna dul ar an mbóthar ceart i dtreo ailíniú le Treoirlínte EDS a bheidh ann amach anseo chun an fhís maidir le truailliú nialasach a bhaint amach faoin mbliain 2050;

31 An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa (2022): Tuarascáil ar an toradh deiridh, https://europa.eu/!3k9WY6

c. sásra athbhreithniúcháin rialta chun a áirithiú go dtreoraíonn an tuiscint eolaíoch is déanaí ar cháilíocht an aeir cinntí amach anseo.

2. Maidir le rialachas agus forfheidhmiú

a. na híoscheanglais maidir le pleananna cáilíochta aeir a thabhairt cothrom le dáta;

b. teorainnluachanna a thabhairt isteach le haghaidh truailleáin aeir atá faoi réir spriocluachanna faoi láthair, chun laghdú níos éifeachtaí ar thiúis na dtruailleán sin a chumasú;

c. soiléiriú breise a dhéanamh ar an gcaoi ar gá sáruithe ar chaighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a réiteach, conas iad a chosc roimh ré, agus cathain is féidir pleananna maidir le cáilíocht an aeir a thabhairt cothrom le dáta;

d. sainmhíniú breise a thabhairt ar an gcineál beart nach mór d'údaráis inniúla a dhéanamh chun tréimhsí sáraithe a choimeád chomh gearr agus is féidir, agus forálacha maidir le pionóis a leathnú i gcás sáruithe ar chaighdeáin maidir le cáilíocht an aeir;

e. na hoibleagáidí atá ar na Ballstáit oibriú i gcomhar le chéile a neartú nuair is cúis le sárú ar chaighdeáin maidir le cáilíocht an aeir is an truailliú trasteorann;

f. in-fhorfheidhmitheacht na dTreoracha a fheabhsú trí fhorálacha nua maidir le rochtain ar cheartas agus ar chúiteamh agus trí fhoráil fheabhsaithe maidir le pionóis.

3. Measúnuithe ar cháilíocht an aeir

a. Faireachán agus measúnú ar cháilíocht an aeir a fheabhsú, a shimpliú agus a leathnú tuilleadh, lena n-áirítear

i. faireachán a dhéanamh ar thruailleáin atá ag teacht chun cinn;

ii. athlonnú pointí samplála de cháilíocht an aeir a theorannú do na pointí sin inar urramaíodh teorainnluachanna le trí bliana ar a laghad;

iii. critéir suite le haghaidh pointí samplála a shoiléiriú agus a chuíchóiriú tuilleadh;

vi. na héiginnteachtaí tomhais uasta a cheadaítear i gcomhréir leis na caighdeáin níos déine atá beartaithe maidir le cáilíocht an aeir a thabhairt cothrom le dáta.

b. úsáid níos fearr a bhaint as samhaltú cháilíocht an aeir

i. sáruithe ar chaighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a bhrath, pleananna cáilíochta aeir agus pointí samplála a chur ar bun;

ii. Cáilíocht agus inchomparáideacht shamhaltú cháilíocht an aeir a fheabhsú.

4. Maidir le faisnéis phoiblí faoi cháilíocht an aeir

a. Tuairisciú in aghaidh na huaire ar gach tomhas atá cothrom le dáta maidir le cáilíocht an aeir le haghaidh príomhthruailleán, agus an fhaisnéis a chur ar fáil do shaoránaigh a bhfuil innéacs cáilíochta aeir acu;

b. An pobal a chur ar an eolas faoi na héifeachtaí sláinte a d'fhéadfadh a bheith ann agus iompar a mholadh nuair a sháraítear caighdeáin aercháilíochta.

**Ar an iomlán**, táthar ag súil go dtiocfaidh na príomhbhuntáistí i bhfoirm mortlaíochta agus galracht laghdaithe, caiteachas laghdaithe ar chúram sláinte, caillteanais laghdaithe táirgeachta barr a bhaineann le hózón, laghdú ar an neamhláithreacht ón obair de bharr breoiteachta agus táirgiúlacht mhéadaithe ag an obair.

Tá impleachtaí comhshaoil, eacnamaíocha, sóisialta agus sláinte ag na roghanna beartais maidir le leibhéil éagsúla ailínithe le Treoirlínte EDS maidir le Cáilíocht an Aeir. Bheadh tairbhí suntasacha sláinte agus comhshaoil – de réir céimeanna éagsúla – ag baint le gach ceann de na trí rogha sin, i.e. 'ailíniú iomlán' (I-1), 'ailíniú níos dlúithe' (I-2) agus 'ailíniú páirteach' (I-3). I gcás na dtrí rogha beartais, áfach, léirítear sa mheasúnú tionchair **gur mó i bhfad na tairbhí don tsochaí ná na costais**.

Ríomhadh na costais agus na sochair bhliantúla le haghaidh 2030 mar mheastachán lárnach, ós rud é gurb í seo an bhliain inar ghá formhór na gcaighdeán nua maidir le cáilíocht an aeir a bhaint amach den chéad uair. Thiocfadh **costais mhaolaithe** chun cinn cheana féin sna blianta roimhe sin chun a áirithiú gur comhlíonadh na caighdeáin nua in 2030, ach tar éis 2030 is dócha go dtiocfaidh laghdú orthu mar go mbeidh infheistíochtaí aon uaire a bheidh riachtanach chun na spriocanna a bhaint amach déanta cheana féin.

Tá an cóimheas is airde costais is tairbhe (idir 10:1 agus 28:1) ag rogha beartais I-3 ('ailíniú páirteach' le Treoirlínte EDS 2021 maidir le Cáilíocht an Aeir faoi 2030). D'fhéadfaí a bheith ag súil leis go gcomhlíonfaidh formhór na bpointí samplála maidir le cáilíocht an aeir san Aontas na caighdeáin chomhfhreagracha maidir le cáilíocht an aeir gan mórán iarrachta breise a dhéanamh. Faoin meastachán lárnach, is ionann na glansochair agus níos mó ná EUR 29 mbilliún, i gcomparáid le costais chomhfhreagracha an bhirt mhaolaithe de EUR 3.3 billiún in 2030.

Maidir le rogha beartais I-2 ('ailíniú níos dlúithe' le Treoirlínte 2021 EDS maidir le Cáilíocht an Aeir faoi 2030) meastar go mbeidh an cóimheas costais is tairbhe beagán níos ísle (idir 7.5:1 agus 21:1). Ní bheifí ag súil go gcomhlíonfadh 6 % de na pointí samplála na caighdeáin chomhfhreagracha maidir le cáilíocht an aeir gan iarracht bhreise a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil (nó d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le síntí ama nó eisceachtaí). Faoin meastachán lárnach, is ionann na glansochair agus níos mó ná EUR 36 bhilliún, i.e. 25 % níos mó ná rogha beartais I-3. Meastar go mbeidh na bearta maolaithe iomlána comhfhreagracha agus na costais riaracháin ghaolmhara cothrom le EUR 5.7 billiún in 2030.

Faoi rogha beartais I-1 ('ailíniú iomlán' le Treoirlínte 2021 EDS maidir le Cáilíocht an Aeir faoi 2030) tá an cóimheas costais is tairbhe an-dearfach fós (idir 6:1 agus 18:1). Mar sin féin, ní bheifí ag súil go gcomhlíonfadh 71 % de na pointí samplála na caighdeáin chomhfhreagracha maidir le cáilíocht an aeir gan iarracht bhreise a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil (agus i mórán de na cásanna sin ní bheadh sé in ann na caighdeáin sin a chomhlíonadh ar chor ar bith ach amháin le laghduithe teicniúla indéanta). Faoin meastachán lárnach, is mó ná EUR 38 mbilliún na glansochair, i.e. 5 % níos mó ná rogha beartais I-2. Meastar go mbeidh na costais mhaolaithe chomhfhreagracha cothrom le EUR 7 mbilliún in 2030.

Meastar go mbeidh **costais riaracháin** idir EUR 75 mhilliún agus EUR 106 mhilliún in aghaidh na bliana in 2030. Áirítear leis sin an costas a bhaineann le pleananna cáilíochta aeir, measúnuithe ar cháilíocht an aeir agus pointí samplála breise a tharraingt suas. Go háirithe, táthar ag súil go laghdóidh an costas a bhaineann le pleananna cáilíochta aeir a tharraingt suas le himeacht ama, toisc go réitíonn siad sáruithe ar cháilíocht an aeir agus go n-éiríonn siad iomarcach. Ar an gcaoi chéanna, ní éiríonn ceanglais maidir le córas measúnaithe ar cháilíocht an aeir chomh dian céanna de réir mar a thagann feabhas ar cháilíocht an aeir, agus meastar go dtiocfaidh laghdú ar na costais a bhaineann le faireachán ar cháilíocht an aeir – ach rinneadh na meastacháin thuas, lena n-áirítear infheistíocht aonuaire, a bhliantúlú sna ríomhanna. Tabhair faoi deara gurb iad na h**údaráis phoiblí** a íocann na costais sin go léir.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bh**forchuireann** na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh **aon chostas riaracháin díreach ar thomhaltóirí ná ar ghnólachtaí**. Eascraíonn na costais a d'fhéadfadh a bheith ann dóibh go príomha as bearta a rinne údaráis na mBallstát chun na caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a leagtar amach sna Treoracha a bhaint amach. Tá siad seo mar chuid de na costais fhoriomlána maolaithe/coigeartaithe a luaitear thuas.

Leis an togra atá beartaithe na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh, 2008/50/CE agus 2004/107/CE atá ann faoi láthair, a chumasc in aon Treoir amháin, táthar ag súil go laghdófar an t-ualach riaracháin ar údaráis phoiblí, go háirithe na húdaráis ábhartha sna Ballstáit, trí rialacha a shimpliú, trí chomhsheasmhacht agus soiléireacht a fheabhsú, agus trí éifeachtúlacht a chur leis an gcur chun feidhme.

Rinneadh seiceáil sa mheasúnú tionchair freisin ar **chomhsheasmhacht leis an mbeartas aeráide**, go háirithe an Dlí Aeráide Eorpach. I bhfianaise an iliomad comhfhoinsí astaíochtaí gáis ceaptha teasa agus truailleán, tacóidh an t-athbhreithniú atá beartaithe ar chaighdeáin an Aontais maidir le cáilíocht an aeir le spriocanna aeráide, ós rud é go mbeidh laghdú ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa mar thoradh ar bhearta chun aer glan a bhaint amach chomh maith.

Tá tionchair mheasta an togra maidir le cáilíocht an aeir comhleanúnach freisin leis an b**plean gníomhaíochta maidir le truailliú nialasach**, go háirithe an sprioc atá aige le haghaidh 2030 na tionchair ar an tsláinte (básanna anabaí) ar thruailliú aeir a laghdú níos mó ná 55 %, agus, fís 2050 den Phlean Gníomhaíochta chun truailliú aeir, uisce agus ithreach a laghdú go leibhéil nach meastar a thuilleadh go bhfuil siad díobhálach don tsláinte. Tá sineirgí tábhachtacha ann freisin le beartais a thugann aghaidh ar astaíochtaí truailleán ag an bhfoinse agus atá mar chuid den Phlean Gníomhaíochta freisin. Baineann sé sin, mar shampla, leis an togra le déanaí maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus leis an togra atá le teacht maidir le caighdeáin astaíochtaí Euro 7 d'fheithiclí bóthair, lena dtacófar le caighdeáin níos déine maidir le cáilíocht an aeir a bhaint amach.

Tar éis tuairim a fháil ón m**Bord um Ghrinnscrúdú Rialála**, feabhsaíodh an measúnú tionchair le hanailís bhreise agus soiléirithe ar (1) idirghníomhaíocht an togra le tionscnaimh eile amhail tionchar an athbhreithnithe atá beartaithe ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, (2) na paraiméadair éagsúla a ndearnadh anailís orthu le haghaidh roghanna beartais éagsúla, lena n-áirítear a n-indéantacht faoi seach, agus (3) na cúiseanna le fadhbanna arna sainaithint le cur chun feidhme na dTreoracha reatha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh.

I gcomhthráth leis an measúnú tionchair a rinneadh don togra seo, rinneadh anailís níos leithne ar chomhthéacs an aeir ghlain agus ar na hionchais a bheidh ann amach anseo agus foilseofar í mar thuarascáil rialta ar Ionchas an Aeir Ghlain[32] agus mar chuid den tuarascáil Faireacháin agus Ionchais maidir le Truailliú Nialasach atá beartaithe le haghaidh dheireadh 2022. Comhlánóidh an Tríú Ionchas maidir le hAer Glan an anailís a rinneadh don mheasúnú tionchair chun athbhreithniú a dhéanamh ar na Treoracha, agus tabharfar léargas ar ghnéithe breise amhail: tionchar réigiúnach na mbeart a mholtar i bpacáiste REPowerEU ar aer glan; an dóchúlacht dhearfach go mbainfear amach spriocanna 2030 maidir le truailliú nialasach faoin bpacáiste beartais tosaíochta chun athbhreithniú a dhéanamh ar na Treoracha; agus an éifeacht atá ag bearta neamhtheicneolaíocha (e.g. aiste bia) a chur san áireamh maidir le réamh-mheastacháin aeir ghlain le haghaidh 2030. Tá na tionchair sin sa bhreis ar na tionchair dhearfacha fhadtéarmacha a d'fhéadfadh a bheith ann.

## 2.5. Oiriúnacht rialála agus simpliú rialála (REFIT)

I bhfianaise a chláir oibre maidir le rialáil níos fearr (agus an chláir REFIT), tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Treoir 2008/50/CE agus Treoir 2004/107/CE a chumasc in aon Treoir amháin lena rialaítear na truailleáin aeir ábhartha uile.

Nuair a glacadh Treoir 2008/50/CE, tháinig sí in ionad roinnt gníomhartha reachtacha: Maidir le Treoir 96/62/CE ón gComhairle an maidir le measúnú agus bainistiú cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh, Treoir 99/30/CE ón gComhairle a bhaineann le teorainnluachanna do dhé-ocsaíd sulfair, do dhé-ocsaíd nítrigine agus d'ocsaídí nítrigine, d'ábhar cáithníneach agus do luaidhe san aer comhthimpeallach, Treoir 2000/69/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le teorainnluachanna do bheinséin agus d'aonocsaíd charbóin san aer comhthimpeallach, Treoir 2002/3/CE maidir le hózón san aer comhthimpeallach agus Cinneadh 97/101/CE ón gComhairle lena mbunaítear malartú cómhalartach faisnéise agus sonraí ó líonraí agus stáisiúin aonair ina dtomhaistear truailliú an aeir chomhthimpeallaigh laistigh de na Ballstáit. Cumascadh iad in aon Treoir amháin ar mhaithe le soiléireacht, simpliú agus éifeachtúlacht riaracháin. Ag an am sin, leag Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle síos freisin gur cheart machnamh a dhéanamh ar Threoir 2004/107/CE a chumasc le Treoir 2008/50/CE, a luaithe a bheidh taithí leordhóthanach faighte i ndáil le cur chun feidhme Threoir 2004/107/CE.

Tar éis breis agus deich mbliana de chur chun feidhme Threoir 2008/50/CE agus Threoir 2004/107/CE ag an am céanna, tugtar deis leis an athbhreithniú ar na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh an t-eolas agus an taithí eolaíoch is déanaí maidir lena gcur chun feidhme a ionchorprú trí iad a chumasc in aon Treoir amháin. Déanfaidh sé sin reachtaíocht maidir le cáilíocht an aeir a chomhdhlúthú, agus ag an am céanna na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le húdaráis ábhartha a shimpliú, comhsheasmhacht agus soiléireacht fhoriomlán a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin an cur chun feidhme a dhéanamh níos éifeachtúla.

Leis an togra déantar roinnt forálacha a chuíchóiriú agus a shimpliú freisin, go háirithe maidir le faireachán ar cháilíocht an aeir ar thruailleáin aeir éagsúla, cineálacha caighdeán cáilíochta aeir le haghaidh na dtruailleán sin, agus na ceanglais a eascraíonn astu, amhail pleananna cáilíochta aeir a fhorbairt.

[32] Tá eagráin roimhe seo den Ionchas Aeir Ghlain ar fáil ag https://europa.eu/!Q7XXWT.

Rinneadh na moltaí ón tuairim ón Ardán 'Réidh don Todhchaí' an 12 Samhain 2021 i ndáil le 'Reachtaíocht maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh'[33] a mheas ar fud an mheasúnaithe tionchair, lena n-áirítear moltaí a bhaineann le caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir, cur chun feidhme, faireachán, cumasc na dtreoracha atá ann cheana in aon cheann amháin, comhleanúnachas le beartais ghaolmhara.

## 2.6. Cearta bunúsacha

Leis an treoir atá beartaithe, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Is é is aidhm don togra seo éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol ó thruailliú aeir a sheachaint, a chosc agus a laghdú, i gcomhréir le hAirteagal 191(1) CFAE. Féachtar leis dá réir sin leibhéal ard cosanta don chomhshaol agus feabhas ar cháilíocht an chomhshaoil a chomhtháthú i mbeartais an Aontais i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe arna leagan síos in Airteagal 37 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Cuirtear i dtéarmaí nithiúla freisin an oibleagáid an ceart chun beatha agus chun iomláine an duine a leagtar síos in Airteagal 2 agus in Airteagal 3 den Chairt a chosaint.

Ina theannta sin, rannchuidíonn sé freisin leis an gceart leigheas éifeachtach a fháil os comhair binse mar a leagtar síos in Airteagal 47 den Chairt, i ndáil le sláinte an duine a chosaint, trí fhorálacha mionsonraithe maidir le rochtain ar cheartas, ar chúiteamh agus ar phionóis.

# 3. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Déantar an ráiteas airgeadais a bhaineann leis na himpleachtaí buiséadacha agus na hacmhainní daonna agus riaracháin is gá don togra seo a chomhtháthú sa ráiteas airgeadais reachtach don phacáiste maidir le truailliú nialasach a thíolactar mar chuid den togra le haghaidh athbhreithniú ar liostaí na dtruailleán a dhéanann difear d'uiscí dromchla agus do screamhuisce.

Beidh impleachtaí buiséadacha ag an togra don Choimisiún, don Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) agus don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) maidir le hacmhainní daonna agus riaracháin is gá.

Tiocfaidh méadú beag ar ualach oibre an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú mar thoradh ar chaighdeáin nua agus níos mó substaintí a bhfuil faireachán le déanamh orthu a liostú, agus ar an ngá atá ann treoir agus cinntí cur chun feidhme atá ann cheana a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, chomh maith le doiciméid treorach nua a dhréachtú.

Thairis sin, beidh tacaíocht mhéadaithe ón Airmheán Comhpháirteach Taighde de dhíth ar an gCoimisiún chun faireachán ar cháilíocht an aeir agus cur chun feidhme samhaltaithe a neartú. Go sonrach, is éard a bheidh i gceist leis sin treoir a dhréachtú, cathaoirleacht a dhéanamh ar dhá phríomhlíonra saineolaithe, agus caighdeáin a tharraingt suas maidir le faireachán ar

[33] COM (2022), tagairt do Thuairim an Ardáin 'Réidh don Todhchaí': 2021/SBGR1/04

cháilíocht an aeir agus samhaltú ina leith i gcomhar leis an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN). D'fhéadfaí an tacaíocht eolaíoch sin a fháil trí shocruithe riaracháin a sheoladh.

Beidh ualach oibre méadaithe ag an EEA mar thoradh ar na nithe seo a leanas: an gá an bonneagar a fhorleathnú agus tuairisciú leanúnach a thacú, a ndéanfaí é a fhairsingiú le go n-áireofaí truailleáin aeir atá ag teacht chun cinn anuas ar oibleagáidí maidir le laghdú ar theagmháil ar an meán lena gcuimseofaí na truailleáin $PM_{2.5}$ agus $NO_2$; an gá atá le bonneagar tuairiscithe a leathnú le haghaidh faisnéis atá cothrom le dáta ó phointí samplála breise, ó shonraí samhaltaithe agus ó phleananna cáilíochta aeir; an gá atá le tacaíocht a mhéadú le haghaidh measúnuithe fónta ar shonraí maidir le cáilíocht an aeir arna tuairisciú; agus an gá atá ann na naisc idir an anailís agus an tacaíocht do bheartais maidir le truailliú aeir, athrú aeráide, sláinte an duine agus sláinte éiceachórais a neartú. Chuige sin, teastóidh ball foirne nua breise lánaimseartha agus dhá ath-imlonnú, anuas ar an bhfoireann reatha de chomhghleacaithe EEA atá ag tacú cheana féin le beartas an Aontais maidir le haer glan.

## 4. EILIMINTÍ EILE

Leis an gcreat reatha a bunaíodh faoi na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh, cuirtear faireachán ionadaíoch ar ardchaighdeán ar fáil cheana féin ar cháilíocht an aeir, mar a léirítear sa tSeiceáil Oiriúnachta le haghaidh na dTreoracha. Ar fud an Aontais, tá líonra faireacháin ar cháilíocht an aeir bunaithe ag na Ballstáit ina bhfuil thart ar 16 000 pointe samplála do thruailleáin shonracha (a ndéantar a lán díobh a ghrúpáil le chéile ag níos mó ná 4 000 stáisiún faireacháin), agus sampláil bunaithe ar chritéir chomhchoiteanna a shainítear sna Treoracha. Ar an iomlán, comhlíonann an líonra faireacháin na Treoracha den chuid is mó agus áirithíonn sé go bhfuil sonraí iontaofa ionadaíocha maidir le cáilíocht an aeir ar fáil. Cuirfear tuilleadh feabhais ar an gcreat faireacháin leis an togra seo, mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe thíos.

Threoraigh na forálacha atá ann cheana maidir le tuairisciú a leagtar amach i gCinneadh 2011/850 ón gCoimisiún forbairt córais ríomhthuairiscithe dhigitigh atá éifeachtach agus éifeachtúil, arna óstáil ag EEA[34]. Ina theannta sin, áirítear sa togra seo faireachán ar thruailleáin atá ag teacht chun cinn. Leis sin, beifear in ann roinnt truailleán aeir a bhreathnú nach bhfuil faireachán comhchuibhithe ar cháilíocht an aeir ar fud an Aontais ann ina leith go fóill.

Tá feabhsuithe ar fhaireachán ar cháilíocht an aeir, ar shamhaltú agus ar chórais mheasúnaithe mar chuid den togra seo freisin. Cuirfidh siad faisnéis bhreise inchomparáide agus oibiachtúil ar fáil ionas gur féidir faireachán agus meastóireacht rialta a dhéanamh ar fhorbairt cháilíocht an aeir san Aontas. Mar aon le ceanglais níos beaichte maidir le faisnéis a chur san áireamh i bpleananna maidir le cáilíocht an aeir, dá bhforáiltear sa togra seo, beifear in ann athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar éifeachtacht beart sonrach (áitiúil go minic) cáilíochta aeir. Le ceanglais shonracha níos soiléire maidir le faisnéis phoiblí, beidh sé níos éasca agus níos tapúla don phobal rochtain a fháil ar thorthaí an fhaireacháin agus na meastóireachta ar shonraí maidir le cáilíocht an aeir agus ar ghníomhaíocht ghaolmhar beartais.

---

[34] Féach freisin seiceáil oiriúnachta ar fhaireachán agus ar thuairisciú sa bheartas comhshaoil, SWD(2017) 230 final.

Imreoidh sé sin tionchar ar mheastóireachtaí a dhéanfar amach anseo ar Threoir athbhreithnithe maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh.

## 5. MÍNIÚ MIONSONRAITHE AR FHORÁLACHA SONRACHA AN TOGRA:

Is é is aidhm do leasuithe a rinneadh tríd an togra chun na **Treoracha reatha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh** (2008/50/CE agus 2004/107/CE) an reachtaíocht a chumasc agus a shimpliú.

Dírítear sna mínithe seo a leanas ar athruithe i gcomparáid leis na Treoracha atá ann faoi láthair. Comhfhreagraíonn uimhriú na n-airteagal a luaitear don togra.

Le h**Airteagal 1** tugtar isteach cuspóir 2050 i ndáil le truailliú nialasach maidir le cáilíocht an aeir chun a áirithiú, faoi 2050, go gcuirfear feabhas ar cháilíocht an aeir ionas nach measfar a thuilleadh gur ann don truailliú atá díobhálach do shláinte an duine agus don chomhshaol.

Déantar foráil in **Airteagal 3** maidir le hathbhreithniú rialta ar fhianaise eolaíoch chun a sheiceáil an bhfuil na caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir fós leordhóthanach chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint, agus chun a sheiceáil ar cheart truailleáin aeir bhreise a rialáil. Imreoidh an t-athbhreithniú tionchar ar fhorbairt pleananna ailínithe le Treoirlínte EDS maidir le Cáilíocht an Aeir faoi 2050 bunaithe ar shásra athbhreithnithe rialta chun an tuiscint eolaíoch is déanaí a chur san áireamh.

Áirítear in **Airteagal 4** nuashonruithe agus cuirtear sainmhínithe nua ar eilimintí a athraítear nó a chuirtear leis an Treoir.

Ceanglaítear le h**Airteagal 5** go n-áiritheoidh na Ballstáit cruinneas na bhfeidhmchlár samhaltaithe, d'fhonn úsáid mhéadaithe a bhaint as samhaltú le haghaidh measúnú ar cháilíocht an aeir, agus úsáid níos fearr a bhaint as an samhaltú.

Le h**Airteagal 7** simplítear na rialacha maidir le tairseacha measúnaithe. Tá na tairseacha mar bhonn eolais faoi na teicnící measúnaithe ar cháilíocht an aeir ar cheart feidhm a bheith acu ar leibhéil éagsúla truaillithe. Cuirtear tairseach mheasúnaithe amháin in aghaidh an truailleáin in ionad na híostairseach agus na huastairseach atá ann faoi láthair.

Áirithítear le h**Airteagal 8** nach mór faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh trí úsáid a bhaint as pointí samplála seasta cibé áit a dtéann leibhéil truaillithe aeir thar mholtaí EDS. Nuair a sháraítear teorainnluachanna nó spriocluach ózóin na Treorach seo, ní mór cáilíocht an aeir a mheasúnú le feidhmeanna samhaltaithe freisin. Cuideoidh samhaltú freisin le suíomhanna breise féideartha a bhrath ina sáraítear na teorainnluachanna nó an spriocluach ózóin. Is é is aidhm dó sin úsáid a bhaint as an dul chun cinn a dhéantar in iarratais samhaltaithe chun bearta éifeachtacha, spriocdhírithe agus cost-éifeachtúla maidir le cáilíocht an aeir a threorú d'fhonn deireadh a chur a luaithe is féidir le sáruithe ar chaighdeáin maidir le cáilíocht an aeir.

In **Airteagal 9** déantar nuashonrú agus soiléiriú ar rialacha maidir le líon agus suíomh na bpointí samplála, lena n-áirítear rialacha níos déine maidir le pointí samplála a athlonnú. Leis na rialacha athbhreithnithe, tugtar le chéile agus simplítear ceanglais pointí samplála do

thruailleáin aeir agus caighdeáin cháilíochta aeir éagsúla, atá scaipthe ar fud na dTreoracha faoi láthair.

Le h**Airteagal 10** tugtar isteach sárláithreáin faireacháin agus rialaítear a líon agus a suíomh. Comhcheanglaíonn na sárláithreáin faireacháin sin iliomad pointí samplála chun sonraí fadtéarmacha a bhailiú maidir le truailleáin aeir a chumhdaítear leis an Treoir seo, chomh maith le truailleáin aeir atá ag teacht chun cinn agus méadracht ábhartha eile. Má dhéantar roinnt pointí samplála a chomhcheangal i sárláithreán seachas iad a chur ar leithligh d'fhéadfadh costais a shábháil i gcásanna áirithe. Trí phointí samplála breise a thabhairt isteach do thruailleáin aeir neamhrialáilte atá ag teacht chun cinn, amhail cáithníní sármhíne (UFP), carbón dubh (BC), amóinia ($NH_3$) nó acmhainneacht ocsaídiúcháin an ábhair cháithnínigh, tacófar le tuiscint eolaíoch ar a n-éifeachtaí ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol. I gcás inarb infheidhme, féadfaidh na Ballstáit sárláithreáin choiteanna faireacháin a chur ar bun, ar féidir leo costais a laghdú.

Soiléirítear in **Airteagal 11** cuspóirí cáilíochta sonraí maidir le cáilíocht an aeir a thomhas agus tugtar isteach cuspóirí cáilíochta maidir le samhaltú. Cuirtear ceanglas nua isteach lena gceanglaítear na sonraí uile a thuairisciú agus a úsáid chun críocha measúnaithe comhlíontachta, fiú mura gcomhlíonann siad na cuspóirí cáilíochta sonraí.

Déantar forálacha maidir le measúnú ózóin a chomhtháthú le forálacha maidir le truailleáin eile a mheasúnú chun na forálacha a shimpliú agus a chuíchóiriú.

Le h**Airteagal 12** tugtar le chéile na ceanglais atá ann cheana maidir le leibhéil truailleán aeir a choinneáil faoi bhun teorainnluachanna agus tugtar isteach ceanglais nua maidir le tiúchan ó thaobh teagmhála de ar an meán.

Le h**Airteagal 13** déantar caighdeáin an Aontais maidir le cáilíocht an aeir a ailíniú níos dlúithe le moltaí 2021 ó EDS, agus indéantacht agus cost-éifeachtúlacht a ndearnadh anailís orthu sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo á gcur san áireamh. Ina theannta sin, tugtar teorainnluachanna isteach i gcás na dtruailleán aeir go léir atá faoi réir spriocluachanna faoi láthair, seachas ózón ($O_3$). Is léir ón taithí a fuarthas ar na Treoracha atá ann faoi láthair go gcuirfidh sé sin le héifeachtacht thiúis na dtruailleán aeir a laghdú. Díolmhaítear ózón ón athrú seo mar gheall ar thréithe casta a fhoirmithe san atmaisféar a fhágann go mbíonn sé casta measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé cloí le teorainnluachanna dochta. Tiocfaidh na teorainnluachanna agus na spriocluachanna athbhreithnithe i bhfeidhm in 2030, agus cothromófar an gá atá le feabhas tapa agus an gá le ham tionscanta leordhóthanach a áirithiú agus le comhordú le príomhbheartais ghaolmhara a mbeidh torthaí orthu in 2030, amhail an pacáiste 'Oiriúnach do 55' de bheartais maidir le maolú ar an athrú aeráide. Chun an tAontas Eorpach a chur ar chonair a chuirfidh ar a chumas an fhís maidir le truailliú nialasach don aer a bhaint amach in 2050, tugtar isteach foráil nua lena gceanglaítear laghdú a dhéanamh ar mheánteagmhála an phobail le mínábhar cáithníneach ($PM_{2.5}$) agus dé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$) ar an leibhéal réigiúnach (aonaid chríochacha NUTS 1), i dtreo na leibhéal atá molta ag EDS. Cuireann sé sin leis an oibleagáid chun teorainnluachanna agus spriocluachanna a chomhlíonadh, is infheidhme i gcriosanna cáilíochta aeir. Chun bonn eolais a chur faoi bheartas aeir ghlain ar leibhéal an Aontais, ceanglaítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún go pras má thugann siad isteach caighdeáin níos déine maidir le cáilíocht an aeir ná caighdeáin an Aontais.

Giorraítear **Airteagal 14** toisc gurb ionann na ceanglais maidir le pointe samplála agus na ceanglais faoi Airteagal 7.

Déantar inneachar roinnt airteagal (sean-Airteagail 15-18 de Threoir 2008/50/CE) maidir le caighdeáin cháilíochta aeir agus ceanglais ghaolmhara le haghaidh mínábhar cáithníneach ($PM_{2.5}$) agus ózóin ($O_3$) a chomhtháthú le caighdeáin maidir le truailleáin eile in Airteagail 12, 13 agus 23, agus déantar ceanglais maidir le pointí samplála a chomhtháthú in Airteagal 7.

Le h**Airteagal 15** tugtar isteach tairseacha foláirimh le haghaidh bearta gearrthéarmacha maidir le buaicthruailliú ó ábhar cáithníneach ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$), anuas ar na tairseacha foláirimh atá ann cheana féin maidir le hocsaíd nítrigine ($NO_2$) agus dé-ocsaíd sulfair ($SO_2$), i bhfianais na dtionchar sláinte suntasach de thruailliú ó ábhar cáithníneach.

Le h**Airteagal 16** leathnaítear na rialacha maidir le ranníocaíochtaí foinse nádúrtha a asbhaint chun caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a shárú chun sáruithe ar oibleagáidí maidir le laghdú ar mheánteagmháil a chumhdach. Ní féidir le bainistíocht cháilíocht an aeir tionchar a imirt ar thruailliú aeir ó fhoinsí nádúrtha amhail deannach Saharach. Sin an fáth a n-áirithítear le hAirteagal 19 agus le hAirteagal 20 nach n-áireofar sáruithe ar cháilíocht an aeir a eascraíonn as na foinsí sin mar neamhchomhlíonadh caighdeán cáilíochta aeir lena n-áirítear oibleagáidí maidir le laghdú ar theagmháil ar an meán, agus nach mbeidh gá le pleananna maidir le cáilíocht an aeir.

Airteagal 17 maidir le scaipeadh gainimh agus salainn i rith an gheimhridh, leathnaítear é chun mínábhar cáithníneach ($PM_{2.5}$) a chumhdach. Tá scaipeadh gainimh agus salainn i rith an gheimhridh tábhachtach don tsábháilteacht ar bhóithre, cé gur féidir le hathfhuaidreamh cáithníní ó na bearta sin cur le truailliú aeir le hábhar cáithníneach de mhéideanna éagsúla. Ní bheidh ceanglas ann pleananna maidir le cáilíocht an aeir a bhunú faoi Airteagal 19 mar thoradh ar sháruithe ar cháilíocht an aeir a eascraíonn as na foinsí sin amháin.

Le hAirteagal 18 maidir le cur siar spriocdhátaí chun teorainnluachanna i ndáil le hábhar cáithníneach ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$) agus dé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$) a bhaint amach; leagtar síos réamhriachtanais bhreise ar chur siar, chun cur le héifeachtúlacht na mbeart maidir le cáilíocht an aeir arna gcur i bhfeidhm chun cloí leis na teorainnluachanna. Mar shampla, ní mór cur síos a dhéanamh sna pleananna cáilíochta aeir ar an gcaoi a bhféachfar le maoiniú breise a fháil chun comhlíonadh a bhaint amach go tapa, agus conas a chuirfear an pobal ar an eolas faoi iarmhairtí an chur siar ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol. Ina theannta sin, ní bheifear in ann gnóthú teorainnluacha a chur siar ach amháin má comhlíonadh an oibleagáid laghdaithe meántheagmhála don truailleán aeir ábhartha ar feadh 3 bliana ar a laghad sula gcuirfear tús leis an gcur siar. Déantar sin chun a áirithiú nach ndeonaítear an cur siar ach amháin i gcás sáruithe áitiúla ar theorainnluachanna mar gheall ar choinníollacha a bhaineann go sonrach leis an láithreán, agus nach n-úsáidfear é chun moill a chur ar bhearta áitiúla, réigiúnacha ná náisiúnta maidir le cáilíocht an aeir, bíodh sin i mbearta áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta.

Le h**Airteagal 19** méadaítear éifeachtacht na bpleananna maidir le cáilíocht an aeir chun comhlíonadh na gcaighdeán maidir le cáilíocht an aeir a áirithiú a luaithe is féidir. Bainfear é sin amach trí (a) ceangal a chur go ndéanfar pleananna cáilíochta aeir a tharraingt suas sula dtiocfaidh caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir i bhfeidhm i gcásanna neamhchomhlíonta roimh 2030, (b) sonrú a dhéanamh nach mór é a bheith d'aidhm ag pleananna cáilíochta aeir an tréimhse sáraithe a choinneáil chomh gearr agus is féidir, agus i gcás ar bith tráth nach faide ná 3 bliana i gcás teorainnluachanna, agus (c) sainordú a thabhairt do nuashonruithe rialta ar phleananna cáilíochta aeir mura mbainfidh siad comhlíonadh amach.

Bíonn pleananna maidir le cáilíocht an aeir éigeantach i gcás ina sáraítear teorainnluachanna, luach sprice an ózóin nó oibleagáidí maidir le laghdú ar mheánteagmháil. Beidh na pleananna éigeantach freisin nuair a mheastar roimh ré go sárófar na caighdeáin sin. Cuideoidh sé sin lena chinntiú go gcoinnítear tréimhsí sáraithe chomh gearr agus is féidir. Cothóidh sé sineirgí freisin idir truailleáin aeir éagsúla a bhainistiú, agus idir bearta chun caighdeáin éagsúla a bhaint amach. Mar shampla, beidh bearta chun oibleagáid laghdaithe meánteagmhálacha ar mhínábhar cáithníneach ($PM_{2.5}$) a bhaint amach ina dtacaíocht freisin chun teorainnluach $PM_{2.5}$ a bhaint amach.

Ceanglófar le leasú deiridh go ndéanfar anailís i bpleananna cáilíochta aeir ar an riosca go sárófar tairseacha foláirimh. Mar thoradh air sin, cuirfear le comhtháthú pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha – a bhfuil gá leo chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar thairseacha foláirimh – agus beidh pleananna gníomhaíochta níos fadtéarmaí ann, sábhálfar acmhainní agus cuirfear feabhas ar na bearta a dhéanfar.

Le h**Airteagal 20** ceanglaítear ar na Ballstáit a léiriú cén fáth nach mbeadh plean gníomhaíochta gearrthéarmach éifeachtach má chinneann siad gan ceann a ghlacadh in ainneoin an riosca go sárófaí an tairseach foláirimh ózóin. Fágann an t-airteagal freisin go bhfuil comhairliúchán poiblí maidir le pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha éigeantach chun a áirithiú go gcuirfear an fhaisnéis ábhartha uile san áireamh agus iad á ndearadh.

Soiléirítear agus neartaítear tuilleadh in **Airteagal 21** na socruithe maidir le comhar idir na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar chaighdeáin maidir le cáilíocht an aeir mar gheall ar thruailliú aeir trasteorann, go háirithe an ceangal faisnéis a mhalartú go tapa idir na Ballstáit agus leis an gCoimisiún.

Le h**Airteagal 22** cuirtear feabhas ar fheasacht an phobail ar thruailliú aeir trí oibleagáid a chur ar na Ballstáit innéacs cáilíochta aeir a bhunú lena soláthrófar nuashonruithe in aghaidh na huaire ar cháilíocht an aeir i gcás na dtruailleán aeir is díobhálaí.

Sonraítear in **Airteagal 23** go nglacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme maidir le faisnéis a thuairisciú faoi shonraí agus faoi bhainistíocht maidir le cáilíocht an aeir. Cuirfear na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an Treoir athbhreithnithe.

Le h**Airteagal 27** bunaítear forálacha mionsonraithe chun rochtain ar cheartas a áirithiú dóibh siúd ar mian leo agóid a dhéanamh i gcoinne chur chun feidhme na Treorach seo, amhail cás nach bhfuil plean cáilíochta aeir bunaithe in ainneoin sáruithe ar chaighdeáin ábhartha maidir le cáilíocht an aeir.

Is é is aidhm d'**Airteagal 28** ceart éifeachtach a bhunú do dhaoine atá le cúiteamh i gcás ina ndearnadh damáiste dá sláinte go hiomlán nó go páirteach mar thoradh ar shárú ar rialacha atá forordaithe maidir le teorainnluachanna, pleananna cáilíochta aeir, pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha nó i ndáil le truailliú trasteorann. Tá sé de cheart ag daoine a ndéantar difear dóibh cúiteamh a éileamh agus a fháil as an damáiste sin. Áirítear leis sin go bhféadfaí gníomhaíochtaí comhchoiteanna a dhéanamh.

Leasaítear **Airteagal 29** chun soiléiriú níos mionsonraithe a thabhairt ar an gcaoi ar gá do na Ballstáit pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a bhunú dóibh siúd a sháraíonn na bearta arna nglacadh sa Bhallstát chun an Treoir seo a chur chun feidhme, lena

n-áirítear pionóis airgeadais athchomhairleacha, gan dochar do Threoir 2008/99/CE maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil[35].

In **Iarscríbhinn I**, i gcomhar le hAirteagail 13 agus 15, tugtar le chéile caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir i ndáil le truailleáin éagsúla, lena socraítear: (a) teorainnluachanna nua chun sláinte an duine a chosaint; (b) spriocluachanna ózóin agus cuspóirí fadtéarmacha nuashonraithe; (c) tairseacha foláirimh nua le haghaidh ábhar cáithníneach ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$); agus (d) oibleagáidí maidir le laghdú ar mheánteagmháil ar mhínábhar cáithníneach ($PM_{2.5}$) agus ar dhé-oscaíd nítrigine ($NO_2$) i dtreo oibleagáid tiúchana maidir le laghdú ar mheánteagmháil de réir an leibhéil atá molta ag EDS.

Leagtar amach in **Iarscríbhinn II** na tairseacha measúnaithe le haghaidh faireachán agus samhaltú ar cháilíocht an aeir.

Le h**Iarscríbhinn III**, i gcomhar le hAirteagal 9, simplítear na critéir chun líon íosta pointí samplála a chinneadh le haghaidh tomhas seasta, agus tugtar le chéile na critéir sin maidir le gach truailleán aeir atá faoi réir caighdeán éagsúil maidir le cáilíocht an aeir (teorainnluachanna, spriocluach ózóin, oibleagáidí maidir le laghdú ar mheánteagmháil, tairseacha foláirimh agus leibhéil chriticiúla).

In **Iarscríbhinn IV** tugtar le chéile critéir maidir le suíomh na bpointí samplála le haghaidh na dtruailleán aeir uile atá faoi réir caighdeáin éagsúla maidir le cáilíocht an aeir.

Le h**Iarscríbhinn V** déantar na ceanglais maidir le cáilíocht sonraí agus neamhchinnteacht sonraí a nuashonrú agus a neartú maidir le tomhais, samhaltú agus meastachán oibiachtúil atá socraithe agus táscach chun measúnú beacht a áirithiú i bhfianaise caighdeáin níos déine maidir le cáilíocht an aeir atá beartaithe agus dul chun cinn teicniúil ón uair a glacadh na Treoracha atá ann cheana.

Tugtar cothrom le dáta in **Iarscríbhinn VI** rialacha maidir leis na modhanna nach mór a úsáid chun tiúchan na dtruailleán éagsúil san aer comhthimpeallach a mheasúnú, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar an ráta ag a dtéann truailleáin áirithe isteach in éiceachórais.

Tugtar isteach le h**Iarscríbhinn VII** faireachán ar cháithníní sármhíne (UFP) ag láithreacha inar dócha go mbeidh tiúchan ard UFP ann, amhail aerfoirt, calafoirt, bóithre, láithreáin thionsclaíocha, téamh baile nó gar dóibh. In éineacht leis an bhfaisnéis ó fhaireachán a dhéanamh ar chomhchruinnithe cúlra UFP ag sárláithreáin faireacháin a cheanglaítear le hAirteagal 10, cabhróidh sé seo le tuiscint a fháil ar an méid a chuireann foinsí éagsúla le tiúchan UFP. Déantar nuashonrú in Iarscríbhinn VII freisin ar an liosta de chomhdhúile so-ghalaithe orgánacha (VOC) atá molta le haghaidh tomhais arb é is aidhm leo feabhas a chur ar an tuiscint ar fhoirmiú agus bainistiú ózóin.

In **Iarscríbhinn VIII**, in éineacht le hAirteagal 19, tugtar le chéile ceanglais maidir le pleananna cáilíochta aeir a thugann aghaidh ar sháruithe ar na teorainnluachanna, an luach sprice ózóin agus oibleagáidí maidir le laghdú ar mheánteagmháil. Trí na ceanglais sin a chuíchóiriú, cothófar sineirgí idir truailleáin aeir éagsúla a bhainistiú agus caighdeáin éagsúla

---

[35] Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil; IO L 328, 6.12.2008, lch. 28-37. Ghlac an Coimisiún togra 15/12/2021 chun ionadú a dhéanamh ar Threoir 2008/99/CE: COM(2021) 851 final 'Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Threoir 2008/99/CE.

maidir le cáilíocht an aeir a bhaint amach. Ceanglaítear in Iarscríbhinn VIII freisin go mbeidh anailís níos beaichte sna pleananna maidir le cáilíocht an aeir ar na héifeachtaí a mheastar a bheidh ag bearta maidir le cáilíocht an aeir. Cabhróidh sé sin le héifeachtacht a chur le pleananna cáilíochta aeir.

Le h**Iarscríbhinn IX** cuirtear feabhas ar an bhfaisnéis faoi cháilíocht an aeir atá le soláthar don phobal, lena n-áirítear nuashonruithe éigeantacha in aghaidh na huaire le haghaidh tomhais sheasta de phríomhthruailleáin aeir, chomh maith le torthaí samhaltaithe atá cothrom le dáta i gcás ina mbeidh siad sin ar fáil.

🡻 2008/50 (oiriúnaithe)

2022/0347 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip**

**(athmhúnlú)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ⌦ ar fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ⌫ ~~lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach~~, agus go háirithe Airteagal ⌦ 192 ⌫ ~~175~~ de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[36],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[37],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

⇩ nua

(1) Rinneadh Treoir Uimh. 2004/107/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38] agus Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39] a leasú go substaintiúil. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh orthu, ba cheart na Treoracha sin a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

[36] IO C […], […], lch. […].

[37] IO C […], […], lch. […].

[38] Treoir 2004/107/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 i ndáil le harsanaic, caidmiam, mearcair, nicil agus hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha san aer comhthimpeallach (IO L 023, 26.1.2005, lch. 3).

[39] Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip (IO L 152, 11.6.2008, lch. 1).

(2) I mí na Nollag 2019, leag an Coimisiún Eorpach amach ina Theachtaireacht 'An Comhaontú Glas don Eoraip'[40] treochlár uaillmhianach chun an tAontas a chlaochlú ina shochaí chóir rathúil ag a bhfuil geilleagar nua-aimseartha iomaíoch atá tíosach ar acmhainní, arb é is aidhm leis caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus ar thionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. Go sonrach i dtaobh aer glan, rinneadh gealltanas sa Chomhaontú Glas don Eoraip cáilíocht an aeir a fheabhsú a thuilleadh agus caighdeáin an Aontais maidir le cáilíocht an aeir a ailíniú go pointe níos dlúithe le moltaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS). D'fhógair sé freisin go neartófaí na forálacha maidir le faireachán, samhaltú agus pleanáil ar cháilíocht an aeir.

(3) I mí na Bealtaine 2021, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht lena mbunaítear 'Plean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach'[41] lena dtugtar aghaidh *inter alia* ar ghnéithe truaillithe den Chomhaontú Glas don Eoraip agus lena dtugtar gealltanas freisin laghdú 55% ar thionchar an truaillithe aeir ar an tsláinte a bhaint amach faoi 2030, mar aon le laghdú 25% ar thionchar an truaillithe aeir ar éiceachórais an Aontais ina bhfuil truailliú aeir ina bhagairt ar an mbithéagsúlacht.

(4) Leagtar amach freisin sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach fís don bhliain 2050, ina laghdófaí an truailliú aeir go leibhéil nach meastar a thuilleadh a bheith díobhálach d'éiceachórais sláinte agus nádúrtha. Chuige sin, ba cheart cur chuige céimnithe a shaothrú i ndáil le caighdeáin an Aontais maidir le cáilíocht an aeir atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, lena mbunófar caighdeáin idirmheánacha maidir le cáilíocht an aeir don bhliain 2030 agus ina dhiaidh sin, agus lena bhforbrófar peirspictíocht maidir le hailíniú le Treoirlínte EDS maidir le Cáilíocht an Aeir faoin mbliain 2050 ar a dhéanaí, bunaithe ar shásra athbhreithnithe rialta chun an tuiscint eolaíoch is déanaí a chur san áireamh. I bhfianaise na nasc idir laghdú ar thruailliú agus dícharbónú, ba cheart an cuspóir fadtéarmach a shaothrú, is é sin an uaillmhian maidir le truailliú nialasach a bhaint amach, in éineacht le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42].

(5) Agus na bearta ábhartha á ndéanamh acu ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun an cuspóir maidir le truailliú nialasach a bhaint amach i dtaca leis an truailliú aeir, ba cheart do na Ballstáit, do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún a bheith faoi threoir 'phrionsabal an réamhchúraim' agus an phrionsabail gurb é 'údar an truaillithe a íocfaidh as', arna bhunú sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus faoi threoir an phrionsabail 'gan dochar a dhéanamh' sa Chomhaontú Glas don Eoraip. Ba cheart dóibh, *inter alia*, an méid seo a leanas a chur san áireamh: an méid a chuireann cáilíocht fheabhsaithe an aeir leis an tsláinte phoiblí, le cáilíocht an chomhshaoil, le folláine na saoránach, le rathúnas na

---

40 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip; COM(2019) 640 final.

41 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan [Plean Gníomhaíochta an Aontais dar teideal Conair chuig Pláinéad Sláintiúil do Chách]: 'Plean gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú', COM(2021) 400 final.

42 Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1–17).

sochaí, le fostaíocht agus le hiomaíochas an gheilleagair; an t-aistriú fuinnimh, slándáil fuinnimh neartaithe agus dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh; slándáil agus inacmhainneacht bia; réitigh soghluaisteachta agus iompair inbhuanaithe agus chliste a fhorbairt; tionchar na n-athruithe iompraíochta; cothroime agus dlúthpháirtíocht ar fud na mBallstát agus laistigh díobh, i bhfianaise a gcumais eacnamaíoch, a n-imthosca náisiúnta, amhail sainiúlachtaí oileán, agus an gá atá le cóineasú le himeacht ama; an gá atá leis an aistriú a bheith cóir agus cothrom ó thaobh na sochaí de trí chláir oideachais agus oiliúna iomchuí a chur i gcrích; an fhianaise eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil agus is déanaí, go háirithe na torthaí a thuairiscigh EDS; an gá atá le rioscaí a bhaineann le truailliú aeir a chomhtháthú i gcinntí infheistíochta agus pleanála; cost-éifeachtúlacht agus neodracht theicneolaíoch maidir le laghduithe ar astaíochtaí truailleán aeir a bhaint amach; agus dul chun cinn le himeacht ama i dtaca le sláine an chomhshaoil agus i dtaca leis an leibhéal uaillmhéine.

(6) Le ‘Ochtú Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030’ arna ghlacadh le Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022[43], bunaítear an cuspóir timpeallacht neamhthocsaineach a bhaint amach lena gcosnófar sláinte agus folláine daoine, ainmhithe agus éiceachórais ar rioscaí agus tionchair dhiúltacha a bhaineann leis an gcomhshaol, agus, chun na críche sin, sonraítear go mbeidh gá le modhanna faireacháin a fheabhsú a thuilleadh, le faisnéis níos fearr a chur ar fáil don phobal agus le rochtain ar cheartas. Treoraíonn sé sin na cuspóirí a leagtar amach sa Treoir seo.

(7) Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an bhfianaise eolaíoch a bhaineann le truailleáin, a n-éifeachtaí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol agus forbairt theicneolaíoch. Ar bhonn an athbhreithnithe, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil na caighdeáin cáilíochta aeir is infheidhme fós iomchuí chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach. Ba cheart an chéad athbhreithniú a dhéanamh faoin 31/12/2028 chun a mheas an gá caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a thabhairt cothrom le dáta bunaithe ar an bhfaisnéis eolaíoch is déanaí.

---

🡻 2008/50 aithris 5 (oiriúnaithe)

(8) Ba cheart cur chuige coiteann a úsáid maidir le measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh, ~~i gcomhréir le~~ ⌦ trí ⌫ chritéir mheasúnaithe choiteanna a fheidhmiú. Agus cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh á meas, ba cheart méid na ndaonraí agus na n-éiceachóras a bhíonn i dteagmháil le truailliú aeir a chur i gcuntas. Is iomchuí, dá bhrí sin, críoch gach Ballstáit a aicmiú ina limistéir ~~nó ceirtleáin~~ lena léirítear an dlús daonra.

[43] Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030 (IO L 114, 12.4.2022, lch. 22–36).

🡻 2008/50 aithris 14 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(9) Ba cheart tomhais sheasta a bheith éigeantach i limistéir ~~agus i gceirtleáin~~ ina bhfuil ~~na cuspóirí fadtéarmacha i ndáil le hózón nó na~~ tairseacha measúnaithe ~~i ndáil le truailleáin eile~~ á sárú. ~~Is féidir cur le faisnéis ó thomhais sheasta le teicníochtaí samhaltaithe agus/nó tomhais tháscacha chun~~⌦ Le feidhmchláir samhaltaithe agus tomhais tháscacha, anuas ar fhaisnéis ó thomhais sheasta, ⌫is féidir sonraí pointí a léirmhíniú de réir dháileadh geografach an chomhchruinnithe. Mar gheall ar úsáid a bhaint as ⌦ na ⌫ teicníochtaí forlíontacha measúnaithe sin, ba cheart go mbeifear in ann líon íosta na bpointí samplála seasta a laghdú freisin. ⇨ i limistéir nach sáraítear na tairseacha measúnaithe iontu. I limistéir ina sáraítear teorainnluachanna nó spriocluachanna, ba cheart tomhais sheasta agus úsáid feidhmchlár samhaltaithe a bheith éigeantach. Ba cheart faireachán breise a dhéanamh ar thiúchain chúlra agus ar dheascadh truailleán san aer comhthimpeallach ionas gur féidir tuiscint níos fearr a fháil ar leibhéil truaillithe agus ar scaipeadh⇦.

🡻 2008/50 aithris 6 (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~(10) I gcás inar féidir~~ ~~teicníochtaí~~Ba cheart ⇨ feidhmchláir ⇦ samhaltaithe a chur i bhfeidhm le gur féidir sonraí pointí a léirmhíniú de réir dháileadh geografach an chomhchruinnithe ⇨ , chun cuidiú le sáruithe ar chaighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a bhrath, bonn eolais a chur le pleananna cáilíochta aeir agus pointí samplála a chur ar bun ⇦. ~~D'fhéadfadh sé sin feidhmiú mar bhonn chun teagmháil chomhchoiteann an daonra a bhfuil cónaí air sa limistéar a ríomh.~~

~~(11)~~ ⇨ Sa bhreis ar na ceanglais maidir le faireachán ar cháilíocht an aeir a shainítear sa Treoir seo, chun críoch faireacháin, spreagtar na Ballstáit táirgí faisnéise agus uirlisí forlíontacha a shaothrú (e.g. tuarascálacha rialta ar mheastóireacht agus ar mheasúnú cáilíochta, feidhmchláir bheartais ar líne), arna soláthar ag an gcomhpháirt um Fhaireachán na Cruinne de Chlár Spáis an Aontais, go háirithe Seirbhís Copernicus um Fhaireachán ar an Atmaisféar (CAMS).⇦

⇩ nua

(12) Tá sé tábhachtach faireachán a dhéanamh ar thruailleáin a bhfuil imní ag teacht chun cinn ina leith, amhail cáithníní sármhíne, carbón dubh agus carbón eiliminteach, chomh maith le amóinia agus acmhainneacht ocsaídiúcháin an ábhair cháithnínigh, chun tacú le tuiscint eolaíoch ar a n-éifeachtaí ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol, mar a mhol EDS.

🡻 2008/50 aithris 8 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(13) Ba cheart ábhar cáithníneach sármhín a thomhas go mion ag culsuíomhanna faoin tuath chun tuiscint níos fearr a fháil ar iarmhairtí an truailleáin sin agus chun beartais iomchuí a fhorbairt. Ba cheart na tomhais sin a dhéanamh ar dhóigh atá comhsheasmhach le tomhais an chomhchláir chun faireachán agus measúnú a

dhéanamh ar tharchur fadraoin truailleán aeir san Eoraip (EMEP) arna bhunú faoi ⌦ Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) 1979⌫ Coinbhinsiún um Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin arna fhaomhadh le Cinneadh 81/462/CEE ón gComhairle an 11 Meitheamh 1981[44] ⇨ agus na Prótacail lena mbaineann, lena n-áirítear Protocol 1999 chun laghdú a dhéanamh ar an Aigéadú, ar an Eotrófú agus ar an Ózón ar Leibhéal na Talún, a ndearnadh athbhreithniú air in 2012 ⇦ .

---

🡻 2008/50 aithris 7 (oiriúnaithe)

(14) Chun a áirithiú go bhfuil an t-eolas a bhaileofar maidir le truailliú aeir ionadaíoch go leor agus inchomparáideach ar fud an ⌦ Aontais ⌫ ~~Chomhphobail~~, tá sé tábhachtach go n-úsáidfear teicníochtaí caighdeánaithe tomhais agus critéir choiteanna do líon agus suíomh na stáisiún tomhais chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh. Is féidir teicníochtaí nach tomhais iad a úsáid chun cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a mheas agus dá bhrí sin is gá critéir a shainiú le haghaidh úsáid agus cruinneas riachtanach na dteicníochtaí sin.

---

🡻 2004/107 aithris 12
⇨ nua

(15) ~~Is gnéithe tábhachtacha iad teicnící tomhais cruinne caighdeánaithe agus critéir chomhchoiteanna maidir le suíomh na stáisiún tomhais chun cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a mheas ionas go mbeidh an fhaisnéis a fhaightear inchomparáide ar fud an Chomhphobail.~~ Aithnítear gur saincheist thábhachtach é modhanna tomhais tagartha a sholáthar. Tá sainordú tugtha ag an gCoimisiún cheana féin d'obair maidir le caighdeáin CEN a ullmhú chun ⇨hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha a thomhas agus chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na gcóras braiteora chun tiúchan truailleán gásach agus ábhar cáithníneach san aer comhthimpeallach a chinneadh⇦ ~~, ar comhdhamhnaí iad san aer comhthimpeallach ina sainítear sprioclúachanna (arsanaic, caidmiam, nicil agus beinsi(a)piréin) agus chun miotail throma a dheascadh~~ d'fhonn iad a fhorbairt agus a ghlacadh go luath. In éagmais modhanna caighdeánacha CEN, ba cheart úsáid modhanna tomhais tagartha caighdeánacha idirnáisiúnta nó náisiúnta a cheadú.

---

🡻 2008/50 aithris 2 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(16) Chun sláinte an duine agus an comhshaol ina iomláine a chosaint, tá sé thar a bheith tábhachtach astaíochtaí truailleán a chomhrac ag an bhfoinse agus na bearta is éifeachtaí chun astaíochtaí a laghdú a shainaithint agus a chur chun feidhme ar leibhéal áitiúil, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an ⌦Aontais⌫~~Chomhphobail~~⇨, go háirithe a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí ón earnáil talmhaíochta, tionsclaíochta, iompair agus giniúna fuinnimh⇦. Dá bhrí sin, ba cheart astaíochtaí truailleán díobhálach aeir a sheachaint, a chosc nó a laghdú agus ~~cuspóirí~~⇨caighdeáin⇦ iomchuí a leagan síos maidir le cáilíocht an aeir

---

44 Cinneadh 81/462/CEE ón gComhairle an 11 Meitheamh 1981 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le truailliú aeir trasteorann fadraoin (IO L 171, 27.6.1981, lch. 11).

chomhthimpeallaigh, agus caighdeáin, treoirlínte agus cláir ábhartha na hEagraíochta Domhanda Sláinte á gcur san áireamh.

---

🡻 2004/107 aithris 3 (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~(17)~~ Léirítear i bhfianaise eolaíoch go bhfuil ⇨ dé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd nítrigine agus oscaídí nítrigine, ábhar cáithníneach, luaidhe, beinséin agus aonocsaíd charbóin, ⇦ arsanaic, caidmiam, nicil, ~~agus~~ roinnt hidreacarbón il-timthriallach aramatach ⇨ agus ózón ⇦ ⇨ ina gcúis le tionchair dhíobhálacha shuntasacha ar shláinte an duine ⇦ ~~carcanaigin ghéineatocsaineacha dhaonna agus níl aon tairseach inaitheanta ann a bhféadfaí a rá nach bhfuil baol ag baint leo faoi bhun an tairsigh sin.~~. Eascraíonn an tionchar ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol as tiúchain san aer comhthimpeallach ~~agus as deascadh~~. ~~Ag féachaint do chost-éifeachtúlacht, ní féidir tiúchana aeir chomhthimpeallaigh d'arsanaic, caidmiam, nicil agus hidreacarbóin iltimthriallacha aramatacha, nach mbeadh riosca suntasach do shláinte an duine ag baint leo, a bhaint amach i réimsí sonracha.~~

---

🡻 2004/107 aithris 11 (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~(18)~~ Na héifeachtaí a bhaineann le ⇨luaidhe,⇦ arsanaic, caidmiam, mearcair, nicil agus hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha ar shláinte an duine, lena n-áirítear éifeachtaí trí bhíthin an tslabhra bia, agus an chomhshaoil ~~ina iomláine~~, eascraíonn siad ⌦freisin⌫ ~~as tiúchain san aer comhthimpeallach agus~~ as deascadh; ba cheart carnadh na substaintí sin in ithreacha agus cosaint screamhuisce a chur san áireamh. ~~Chun athbhreithniú ar an Treoir seo a éascú in 2010, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar thaighde a chur chun cinn maidir le héifeachtaí arsanaice, caidmiam, mearcair, nicile agus hidreacarbón aramatach iltimthriallach ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol, go háirithe trí dheascadh.~~

---

⇩ nua

~~(19)~~ Ba cheart meánteagmháil an daonra leis na truailleáin lena mbaineann an tionchar is mó dá bhfuil doiciméadaithe ar shláinte an duine, mínábhar cáithníneach ($PM_{2.5}$) agus dé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$), a laghdú de réir mholtaí EDS. Chuige sin, ba cheart oibleagáid maidir le laghdú meánteagmhála a thabhairt isteach i gcás na dtruailleán sin, anuas ar theorainnluachanna.

---

🡻 2004/107 aithris 4
⇨ nua

~~(20)~~ ⇨ Léiríodh sa tSeiceáil Oiriúnachta ar na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh (Treoir 2004/107/CE agus Treoir 2008/50/CE)[45] go bhfuil teorainnluachanna níos éifeachtaí maidir le tiúchain truailleán a ísliú ná spriocluachanna. ⇦ Agus é mar aidhm éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a íoslaghdú, agus aird ar leith á tabhairt ar ⇨ ghrúpaí leochaileacha agus ar ⇦ dhaonraí

---

[45] Seiceáil oiriúnachta ar na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh an 28 Samhain 2019 (SWD(2019) 427 final).

íogaire, agus ar an gcomhshaol ~~ina iomláine, i ndáil le harsanaic, caidmiam, nicil agus hidreacarbóin iltimthriallacha aramatacha,~~ ba cheart ~~spriocluachanna~~ ⇨ teorainnluachanna ⇦ a shocrú ⇨ don tiúchan de dhé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd nítrigine, ábhar cáithníneach, luaidhe, beinséin, aonocsaíd charbóin, arsanaic, caidmiam, nicil agus hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha san aer comhthimpeallach ⇦ ~~, a bhaint amach chomh fada agus is féidir~~. Ba cheart beinsi(a)piréin a úsáid mar shlat tomhais don riosca carcanaigineach a bhaineann le hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha san aer comhthimpeallach.

---

⇩ nua

(21) Chun go mbeidh na Ballstáit in ann ullmhú do chaighdeáin athbhreithnithe maidir le cáilíocht an aeir a leagtar síos leis an Treoir seo agus chun leanúnachas dlíthiúil a áirithiú, ba cheart na teorainnluachanna, ar feadh tréimhse eatramhach, a bheith comhionann leis na teorainnluachanna a leagtar síos faoi na Treoracha aisghairthe go dtí go dtiocfaidh na teorainnluachanna nua i bhfeidhm.

---

🡻 2008/50 aithris 13 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(22) Is truailleán trasteorann é ózón a fhoirmítear san atmaisféar as astaíochtaí príomhthruailleán a dtugtar aghaidh orthu i dTreoir 2016/2284/AE~~Treoir 2001/81/CE~~ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46] ~~an 23 Deireadh Fómhair 2001~~ ~~maidir le huasteorainneacha astaíochtaí náisiúnta do thruailleáin áirithe san aer~~[47]. Ba cheart an dul chun cinn i dtreo na spriocanna cáilíochta aeir agus na cuspóirí fadtéarmacha i dtaca le hózón arna leagan amach sa Treoir seo a chinneadh de réir na spriocanna agus na ⇨ngealltanas laghdaithe⇦~~n-uasteorainneacha~~ astaíochtaí dá bhforáiltear i dTreoir 2016/2284/AE~~dTreoir 2001/81/CE~~ agus, ~~más iomchuí,~~ trí chur chun feidhme ⇨na mbeart costéifeachtach agus ⇦na bpleananna cáilíochta aeir~~ dá bhforáiltear sa Treoir seo~~.

---

🡻 2008/50 aithris 12 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(23) Na spriocluachanna ⇨ózóin⇦~~atá ann cheana~~ agus na cuspóirí fadtéarmacha i ndáil le cosaint éifeachtach a áirithiú i gcoinne éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine agus ar an bhfásra agus ar éiceachórais mar thoradh ar theagmháil le hózón ~~ba cheart iad a fhágáil gan athrú~~ ⇨ ba cheart iad a nuashonrú i bhfianaise na moltaí is déanaí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte⇦.

(24) Ba cheart tairseach foláirimh ⇨ le haghaidh dé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd nítrigine, ábhar cáithníneach ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$) agus ózón, ⇦ mar aon le tairseach faisnéise le haghaidh ózóin~~,~~ a shocrú chun an daonra ginearálta⇨, codanna leochaileacha ⇦ agus íogaire, faoi seach, a chosaint ar theagmhálacha gearrthréimhseacha le tiúchain mhéadaithe ózóin. Ba cheart do na tairseacha sin scaipeadh faisnéise i measc an

---

46 Treoir (AE) 2016/2284/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1).

47 ~~IO L 309, 27.11.2001, lch. 22. Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2006/105/CE ón gComhairle (IO L 363, 20.12.2006, lch. 368).~~

phobail a spreagadh maidir leis na rioscaí a bhaineann le teagmháil agus maidir le cur chun feidhme, más iomchuí, na mbeart gearrthéarma chun na leibhéil ⇨ truaillithe ⇦ ~~ózóin~~ a laghdú i gcás ina sáraítear an tairseach foláirimh.

---

🡻 2004/107 aithris 7 (oiriúnaithe)

(25) I gcomhréir le hAirteagal ⌦ 193 ⌫ ~~176~~ den Chonradh, féadfaidh na Ballstáit bearta cosanta níos déine ~~a bhaineann le harsanaic, caidmiam, mearcair, nicil agus hidreacarbóin iltimthriallacha aramatacha~~ a choinneáil nó a thabhairt isteach ar choinníoll go bhfuil siad comhoiriúnach leis an gConradh agus go gcuirtear in iúl don Choimisiún iad.

---

🡻 2008/50 aithris 9
⇨ nua

(26) Ba cheart stádas na cáilíochta aeir a choinneáil i gcás ina bhfuil sé go maith cheana féin, nó i gcás ina bhfuil feabhas tagtha air. Na ⇨ caighdeáin ⇦ ~~cuspóirí~~ maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a leagtar síos sa Treoir seo, i gcás ~~nach gcomhlíontar~~ ⇨ gur ann do bhaol nach gcomhlíonfar iad, nó i gcás nár comhlíonadh iad, ⇦ ba cheart do na Ballstáit gníomh ⇨ láithreach ⇦ a dhéanamh chun na teorainnluachanna ⇨ , na hoibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála ⇦ agus leibhéil chriticiúla a chomhlíonadh, agus nuair is féidir, na spriocluachanna agus na cuspóirí fadtéarmacha ⇨ ózóin ⇦ a bhaint amach.

---

🡻 2004/107 aithris 9

(27) Is substaint an-ghuaiseach é mearcair do shláinte an duine agus don chomhshaol. Bíonn sé ann ar fud an chomhshaoil agus, i bhfoirm meitilmearcair, d'fhéadfadh sé carnadh in orgánaigh, agus comhchruinniú go háirithe in orgánaigh a bhíonn níos airde sa slabhra bia. Is féidir mearcair a scaoiltear isteach san atmaisféar a iompar thar achair fhada.

---

🡻 2004/107 aithris 10 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(28) ~~Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún straitéis chomhleanúnach a chur chun cinn in 2005 ina mbeidh bearta do~~ ⌦Maidir le Rialachán 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48], is é is aidhm dó⌫ sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar scaoileadh mearcair, bunaithe ar chur chuige saolré, agus táirgeadh, úsáid, cóireáil dramhaíola agus astaíochtaí á gcur san áireamh. ~~Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar na bearta iomchuí uile d'fhonn cainníocht an mhearcair in éiceachórais talún agus uisceacha a laghdú, agus ar an gcaoi sin mearcair a ionghabháil trí bhia, agus mearcair i dtáirgí áirithe a sheachaint.~~ ⇨ Le forálacha maidir le faireachán a dhéanamh ar mhearcair sa Treoir seo, comhlánaítear an Rialachán sin agus cuirtear bonn eolais leis. ⇦

---

48 Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le mearcair, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1102/2008 (IO L 137, 24.5.2017, lch. 1–21).

⬇ 2008/50 aithris 10
⇨ nua

(29) Is in áiteanna amach ó limistéir uirbeacha is tábhachtaí an riosca a thagann as truailliú aeir don fhásra agus d'éiceachórais nádúrtha. Dá bhrí sin, ba cheart an measúnú ar na rioscaí sin agus ar chomhlíonadh na leibhéal criticiúil chun an fásra a chosaint a dhíriú ar áiteanna amach ó limistéir fhoirgnithe. ⇨ Leis an measúnú sin, ba cheart ceanglais faoi Threoir 2016/2284/AE a chur san áireamh agus a chomhlánú maidir le faireachán a dhéanamh ar thionchair an truaillithe aeir ar éiceachórais talún agus uisceacha, agus chun tionchair den sórt sin a thuairisciú. ⇦

---

⬇ 2008/50 aithris 15 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(30) Is féidir measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú ó fhoinsí nádúrtha ach ní féidir é a rialú. Dá bhrí sin, i gcás inar féidir rannchuidiú nádúrtha le truailleáin in aer comhthimpeallach a chinneadh le cinnteacht leordhóthanach, agus i gcásanna inarb é an rannchuidiú nádúrtha sin is cúis le sáruithe, go hiomlán nó go páirteach, is féidir, faoi na coinníollacha arna leagan síos leis an Treoir seo, an rannchuidiú a dhealú agus comhlíonadh teorainnluachanna cáilíochta an aeir ⇨ agus oibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála ⇦ á measúnú. Is féidir rannchuidiú le sáruithe ar theorainnluachanna an ábhair cháithnínigh ~~$PM_{10}$~~ atá inchurtha i leith gaineamh nó salann a bheith á gcur ar na bóithre ⌦ sa gheimhreadh ⌫ a dhealú nuair atá measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna cáilíochta aeir ar choinníoll go ndearnadh bearta réasúnta chun na tiúchain a ísliú.

---

⬇ 2008/50 aithris 16

~~(31)~~ Maidir le limistéir ~~agus ceirtleáin~~ ina bhfuil na dálaí an-deacair, ba cheart go mbeifí in ann an spriocdháta a chur siar maidir le comhlíonadh na dteorainnluachanna cáilíochta aeir i gcásanna ina bhfuil géardeacrachtaí comhlíonta ann, d'ainneoin cur chun feidhme na mbeart laghdaithe truaillithe iomchuí, i limistéir shonracha agus i gceirtleáin shonracha. Ba cheart plean cuimsitheach a bheith ag gabháil le haon chur siar le haghaidh limistéar nó ceirtleán áirithe, agus beidh an plean sin le hathbhreithniú ag an gCoimisiún chun comhlíonadh an spriocdháta athbhreithnithe a áirithiú. ~~Beidh sé tábhachtach go mbeidh na bearta Comhphobail riachtanacha ar fáil lena léirítear an leibhéal uaillmhéine a roghnaíodh sa Straitéis Téamúil maidir le truailliú aeir chun astaíochtaí a laghdú ag an bhfoinse, ionas go mbeifear in ann laghdú éifeachtúil ar astaíochtaí a bhaint amach laistigh den fhráma ama a bhunaítear sa Treoir seo i dtaca le comhlíonadh na dteorainnluachanna agus ba cheart é sin a chur san áireamh nuair atá iarrataí maidir le cur siar na spriocdhátaí comhlíonta á mbreithniú.~~

---

⬇ 2008/50 aithris 18
⇨ nua

(32) Ba cheart pleananna a fhorbairt maidir le cáilíocht an aeir do limistéir ~~agus ceirtleáin~~ ina sáraíonn leibhéil na dtruailleán in aer comhthimpeallach na ~~spriocluachanna nó~~ teorainnluachanna ábhartha maidir le cáilíocht an aeir ⇨ , na spriocluachanna ózóin nó na hoibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála ⇦ ~~, mar aon le haon chorrlach~~

~~lamháltais, i gcás inarb infheidhme~~. Astaítear truailleáin aeir óna lán foinsí agus gníomhaíochtaí éagsúla. Chun comhleanúnachas idir beartais éagsúla a áirithiú, ba cheart na pleananna cáilíochta aeir sin a bheith comhsheasmhach i gcás inarb indéanta~~,~~ ~~agus comhtháite~~ le pleananna agus cláir arna n-ullmhú de bhun Threoir 2010/75/AE 2001/80/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ~~an 23 Deireadh Fómhair 2001 maidir le huasteorainneacha náisiúnta do thruailleáin áirithe san aer ó ollghléasraí dócháin~~[49][50], Treoir (AE) 2016/2284~~Treoir 2001/81/CE~~, agus Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ~~an 25 Meitheamh 2002 maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú~~[51][52]. ~~Tabharfar aird go hiomlán freisin ar na cuspóirí maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh dá bhforáiltear sa Treoir seo, lena mbronntar ceadanna le haghaidh gníomhaíochtaí tionsclaíocha de bhun Threoir 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú~~[53]~~.~~

---

⇩ nua

(33) Ba cheart pleananna maidir le cáilíocht an aeir a ullmhú roimh 2030 freisin i gcás ina bhfuil baol ann nach mbainfidh na Ballstáit na teorainnluachanna ná an spriocluach ózóin amach faoin dáta sin chun a áirithiú go laghdófar leibhéil na dtruailleán dá réir sin.

---

🡻 2008/50 aithris 19
⇨ nua

(34) Ba cheart pleananna gníomhaíochta a tharraingt suas lena léireofar na bearta a bheidh le déanamh sa ghearrthéarma i gcás ina bhfuil riosca ann go sárófar ceann amháin nó níos mó de na tairseacha foláirimh chun an riosca sin a laghdú agus a fhad a theorannú. I gcás ina bhfuil feidhm ag an riosca sin maidir le ceann amháin nó níos mó de na teorainnluachanna nó na spriocluachanna, féadfaidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, pleananna gearrthéarmacha den sórt sin a tharraingt suas. ~~Maidir le hózón, ba cheart forálacha Chinneadh 2004/279/CE ón gCoimisiún an 19 Márta maidir le treoir do chur chun feidhme Threoir 2002/3/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hózón san aer comhthimpeallach a chur san áireamh i bpleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha den sórt sin.~~

---

🡻 2008/50 aithris 20
⇨ nua

(35) Ba cheart do na Ballstáit dul i ~~gcomhairle~~ ⇨ gcomhar⇦ le chéile más rud é, tar éis truailliú suntasach de thionscnamh Ballstáit eile, go sáraíonn, nó gur dócha go sárófar, leibhéal an truailleáin ~~na cuspóirí ábhartha, maidir le cáilíocht an aeir móide an corrlach lamháltais i gcás inarb infheidhme~~⇨ aon teorainnluach, spriocluach ózóin, oibleagáid maidir le laghdú meánteagmhála⇦ nó ~~,de réir an cháis,~~ an tairseach

---

[49] ~~IO L 309, 27.11.2001, lch. 1. Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2006/105/CE.~~

[50] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17).

[51] ~~IO L 189, 18.7.2002, lch. 12.~~

[52] Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 a bhaineann le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú (IO L 189, 18.7.2002, lch. 12.)

[53] ~~IO L 24, 29.1.2008, lch. 8.~~

foláirimh. B'fhéidir go bhfágfadh cineál trasteorann truailleán sonrach aeir, ar nós ózóin agus ábhar cáithníneach, go mbeidh comhordú idir na Ballstáit ag teastáil i dtaca le pleananna cáilíochta aeir agus pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha a tharraingt suas agus a chur chun feidhme agus an pobal a chur ar an eolas maidir leo. I gcás inarb iomchuí, ba cheart do na Ballstáit dul i mbun comhair le tríú tíortha, agus béim faoi leith a chur ar rannpháirtíocht luath na dtíortha is iarrthóirí. ⇨ Ba cheart an Coimisiún a chur ar an eolas go tráthúil faoi aon chomhar den sórt sin agus ba cheart cuireadh a thabhairt dó cuidiú leis an gcomhar sin. ⇦

---

↓ 2008/50 aithris 21
⇨ nua

(36) Is gá do na Ballstáit agus don Choimisiún faisnéis maidir le cáilíocht an aeir a bhailiú, a mhalartú agus a scaipeadh chun tuiscint níos fearr a chur ar na tionchair a bhaineann le truailliú aeir agus beartais iomchuí a fhorbairt. Ba cheart faisnéis atá cothrom le dáta maidir le tiúchan na dtruailleán rialáilte uile in aer comhthimpeallach ⇨ mar aon le pleananna cáilíochta aeir agus pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha ⇦ a bheith ar fáil go réidh don phobal freisin.

---

↓ 2008/50 aithris 22
⇨ nua

(37) ⇨ Ba cheart faisnéis faoi thiúchain agus faoi dheascadh na dtruailleán rialáilte a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún mar bhonn do thuarascálacha rialta. ⇦ Chun láimhseáil agus comparáid na faisnéise maidir le cáilíocht an aeir a éascú, ba cheart sonraí a chur ar fáil don Choimisiún i bhfoirm chaighdeánaithe.

---

↓ 2008/50 aithris 23

(38) Is gá nósanna imeachta a chur in oiriúint do sholáthar sonraí, do mheasúnú agus chun cáilíocht aeir a thuairisciú, le go mbeifear in ann úsáid a bhaint as modhanna leictreonacha agus as an Idirlíon mar phríomhuirlisí le faisnéis a chur ar fáil, agus chun go mbeidh na nósanna imeachta sin comhoiriúnach le Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ~~an 14 Márta 2007, lena mbunaítear bonneagar d'fhaisnéis spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE)~~[54].

---

↓ 2008/50 aithris 24

(39) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht na critéir agus na teicníochtaí a úsáidtear chun cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil agus an fhaisnéis atá le cur ar fáil a chur in oiriúint chuige sin.

---

54 Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear bonneagar d'fhaisnéis spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

⇩ nua

(40) Mar a shoiléirítear le cásdlí na Cúirte Breithiúnais[55], ní fhéadfaidh na Ballstáit an seasamh dlíthiúil chun agóid a dhéanamh in aghaidh cinneadh ó údarás poiblí a shrianadh do na daoine sin lena mbaineann den phobal a bhí rannpháirteach sa nós imeachta riaracháin roimhe sin chun an cinneadh sin a ghlacadh. Mar a shoiléirítear freisin le cásdlí na Cúirte Breithiúnais[56], éilíonn rochtain éifeachtach ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil agus leigheasanna éifeachtacha, *inter alia*, gur cheart an ceart a bheith ag daoine lena mbaineann den phobal iarraidh ar an gcúirt nó ar chomhlacht inniúil neamhspleách neamhchlaonta bearta eatramhacha a ordú chun cás áirithe truaillithe a chosc. Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú nár cheart seasamh dlíthiúil a bheith ag brath ar an ról a bhí ag an duine lena mbaineann den phobal le linn céim rannpháirtíochta de na nósanna imeachta cinnteoireachta faoin Treoir seo. Ina theannta sin, ba cheart aon nós imeachta um athbhreithniú a bheith cóir, cothrom, tráthúil agus gan bheith róchostasach, agus ba cheart foráil a dhéanamh ann maidir le sásraí leormhaithe éifeachtacha sásaimh, lena n-áirítear faoiseamh urghaire de réir mar is iomchuí.

---

🡻 2008/50 aithris 30
⇨ nua

(41) Leis an Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. ~~Féachtar leis an Treoir seo go háirithe le leibhéal ard cosanta don chomhshaol agus feabhas ar cháilíocht an Chomhshaoil a chomhtháthú i mbeartais an Aontais i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe arna leagan síos in Airteagal 37 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.~~ ⇨ I gcás ina ndearnadh damáiste do shláinte an duine mar thoradh ar shárú ar Airteagail 19, 20 agus 21 den Treoir seo, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na daoine aonair a ndéanann na sáruithe sin difear dóibh in ann cúiteamh as an damáiste sin a éileamh agus a fháil ón údarás inniúil ábhartha. Is é is cuspóir do na rialacha maidir le cúiteamh, rochtain ar cheartas agus pionóis a leagtar síos sa Treoir seo éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol ó thruailliú aeir a sheachaint, a chosc agus a laghdú, i gcomhréir le hAirteagal 191(1) CFAE. Dá bhrí sin, féachann siad le hardleibhéal cosanta comhshaoil agus feabhsú cháilíocht an chomhshaoil a chomhtháthú i mbeartais an Aontais i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe mar a leagtar síos in Airteagal 37 den Chairt, agus cuirtear i dtéarmaí nithiúla an oibleagáid an ceart chun beatha a chosaint agus chun sláine an duine a leagtar síos in Airteagail 2 agus 3 den Chairt. Rannchuidíonn sé freisin leis an gceart chun leigheas éifeachtach a fháil mar a leagtar síos in Airteagal 47 den Chairt, i ndáil le sláinte an duine a chosaint. ⇦

---

[55] Cás C-826/18, Breithiúnas na Cúirte (an chéad dlísheomra) an 14 Eanáir 2021; LB agus Páirtithe Eile v College van burgemeester en wethouders van de gemeente Echt-Susteren; mír 58 agus mír 59.

[56] Cás C-416/10, Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 15 Eanáir 2013; Jozef Križan agus Páirtithe Eile v Slovenská inšpekcia životného prostredia.Križan, mír 109.

🡻 2008/50 aithris 28 (oiriúnaithe)

~~Ba cheart an oibleagáid an Treoir seo a thrasuí sa dlí náisiúnta a theorannú do na forálacha sin ar leasú substainteach iad i gcomparáid leis na Treoracha a bhí ann roimhe seo.~~

🡻 2008/50 aithris 29 (oiriúnaithe)

~~I gcomhréir le pointe 34 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le reachtóireacht níos fearr[57], spreagtar na Ballstáit chun a dtáblaí féin a tharraingt suas, ar mhaithe leo féin agus chun leasa an Chomhphobail, ina léireofar, a mhéid is féidir, an comhghaol idir an Treoir agus na bearta trasuite, agus iad a chur ar fáil don phobal.~~

⇩ nua

(42) Chun dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme cheanglais na mBallstát maidir le faisnéis agus tuairisciú ar cháilíocht an aeir a tharchur faoin Treoir seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le (i) rialacha a bhunú i ndáil le faisnéis maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh atá le cur ar fáil ag na Ballstáit don Choimisiún chomh maith le hamscálaí ina bhfuil an fhaisnéis sin le cur in iúl agus (ii) sruthlíniú a dhéanamh ar an gcaoi a dtuairiscítear sonraí agus ar mhalartú cómhalartach faisnéise agus sonraí ó líonraí agus ó phointí sampléála aonair lena dtomhaistear truailliú aeir chomhthimpeallaigh laistigh de na Ballstáit. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58].

(43) Chun a áirithiú go leanfaidh an Treoir seo dá cuspóirí a bhaint amach, go háirithe chun éifeachtaí díobhálacha ó cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a sheachaint, a chosc agus a laghdú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na hiarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir seo a leasú chun forbairtí teicniúla agus eolaíocha a bhaineann le truailleáin aeir, a measúnú agus a mbainistiú, a dtionchar ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol agus an fhaisnéis iomchuí don phobal a chur san áireamh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[59]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(44) Ba cheart an oibleagáid an Treoir seo a thrasuí sa dlí náisiúnta a theorannú do na forálacha sin ar leasú substainteach iad i gcomparáid leis na Treoracha a bhí ann

57 ~~IO L 321, 31.12.2003, lch. 1.~~
58 IO L 55, 28.2.2011, lch. 13–18
59 IO C 321, 31.12.2003, lch. 1.

roimhe seo. Is ann don oibleagáid na forálacha nach bhfuil athraithe a thrasuí mar thoradh ar na Treoracha a bhí ann roimhe seo.

(45) Ba cheart nár dhochar an Treoir seo d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis an teorainn ama chun na Treoracha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn X a thrasuí sa dlí náisiúnta.

---

↓ 2004/107 aithris 1 (oiriúnaithe)

~~Leis an Séú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil de chuid an Chomhphobail arna ghlacadh le Cinneadh Uimh. 1600/2002/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Iúil 2002[60] bunaítear an gá le truailliú a laghdú go dtí leibhéil lena n-íoslaghdaítear éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine, agus aird ar leith á tabhairt ar phobail íogaire agus ar an gcomhshaol ina iomláine, chun feabhas a chur ar fhaireachán agus measúnú cháilíocht an aeir lena n-áirítear an deascadh truailleán agus chun faisnéis a chur ar fáil don phobal.~~

---

↓ 2004/107 aithris 2 (oiriúnaithe)

~~Le hAirteagal 4(1) de Threoir 96/62/CE ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 1996 maidir le measúnú agus bainistiú[61] ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh, ceanglaítear ar an gCoimisiún tograí a thíolacadh maidir leis na truailleáin a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin a rialáil agus na forálacha a leagtar síos i mír 3 agus i mír 4 den Airteagal sin á gcur san áireamh.~~

---

↓ 2004/107 aithris 5

~~Ní theastódh aon bhearta a mbeadh costais dhíréireacha ag baint leo chun na spriocluachanna a bhaint amach. Maidir le suiteálacha tionsclaíocha, ní bheadh bearta i gceist leo thar chur i bhfeidhm na dteicníci is fearr atá ar fáil (BAT) mar a cheanglaítear le Treoir 96/61/CE ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 1996 maidir le cosc agus rialú[62] comhtháite ar thruailliú agus go háirithe ní dhúnfaí suiteálacha dá mbarr. Mar sin féin, cheanglófaí ar na Ballstáit na bearta laghdaithe costéifeachtacha uile a dhéanamh sna hearnálacha ábhartha.~~

---

↓ 2004/107 aithris 6

~~Go háirithe, níor cheart spriocluachanna na Treorach seo a mheas mar chaighdeáin cáilíochta comhshaoil mar a shainmhínítear in Airteagal 2(7) de Threoir 96/61/CE agus a éilíonn, de réir Airteagal 10 den Treoir sin, coinníollacha níos déine ná na coinníollacha sin is féidir a bhaint amach trí BAT a úsáid.~~

---

↓ 2004/107 aithris 8

~~I gcás ina sáraíonn tiúchan tairseacha measúnaithe áirithe, ba cheart faireachán ar arsanaic, caidmiam, nicil agus beinsi(a)piréin a bheith éigeantach. D'fhéadfadh modhanna forlíontacha measúnaithe laghdú a dhéanamh ar líon na bpointí samplála is gá le haghaidh tomhais sheasta.~~

---

60 ~~IO L 242, 10.9.2002, lch. 1.~~

61 ~~IO L 296, 21.11.1996, lch. 55. Treoir arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).~~

62 ~~IO L 257, 10.10.1996, lch. 26. Treoir arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003.~~

Tá sé beartaithe tuilleadh faireacháin a dhéanamh ar thiúchain aeir chomhthimpeallaigh chúlra agus ar dheascadh an aeir chomhthimpeallaigh.

---

🡻 2004/107 aithris 13

Ba cheart faisnéis faoi thiúchain agus faoi dheascadh na dtruailleán rialáilte a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún mar bhonn do thuarascálacha rialta.

---

🡻 2004/107 aithris 14

Ba cheart faisnéis atá cothrom le dáta maidir le tiúchan na dtruailleán rialaithe uile in aer comhthimpeallach a bheith ar fáil go réidh don phobal freisin.

---

🡻 2004/107 aithris 15

Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis a bheidh infheidhme i gcás sáruithe ar fhorálacha na Treorach seo agus ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ba cheart go mbeadh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

---

🡻 2004/107 aithris 16

Ba cheart na bearta is gá chun an Rialachán a chur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún[63].

---

🡻 2004/107 aithris 17

Níor cheart go mbainfeadh na leasuithe is gá chun an Treoir seo a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil ach le critéir agus teicnící chun measúnú a dhéanamh ar thiúchain agus ar dheascadh truailleán rialáilte nó le socruithe mionsonraithe maidir le faisnéis a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún. Níor cheart go mbeadh sé d'éifeacht acu na sprioclaachanna a mhodhnú go díreach nó go hindíreach,

---

🡻 2008/50 aithris 1 (oiriúnaithe)

Leis an Séú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil de chuid an Chomhphobail arna ghlacadh le Cinneadh Uimh. 1600/2002/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Iúil 2002[64] bunaítear an gá le truailliú a laghdú go dtí leibhéil lena n-íoslaghdaítear éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine, agus aird ar leith á tabhairt ar phobail íogaire agus ar an gcomhshaol ina iomláine, chun feabhas a chur ar fhaireachán agus measúnú cháilíocht an aeir lena n-áirítear an deascadh truailleán agus chun faisnéis a chur ar fáil don phobal.

---

63 IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.
64 IO L 242, 10.9.2002, lch. 1.

↓ 2008/50 aithris 2

Chun sláinte an duine agus an comhshaol ina iomláine a chosaint, tá sé thar a bheith tábhachtach astaíochtaí truailleán a chomhrac ag an bhfoinse agus na bearta is éifeachtaí chun astaíochtaí a laghdú a shainaithint agus a chur chun feidhme ar leibhéal áitiúil, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Chomhphobail. Dá bhrí sin, ba cheart astaíochtaí truailleán díobhálach aeir a sheachaint, a chosc nó a laghdú agus cuspóirí iomchuí a leagan síos maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh, agus caighdeáin, treoirlínte agus cláir ábhartha na hEagraíochta Domhanda Sláinte á gcur san áireamh.

↓ 2008/50 aithris 3 (oiriúnaithe)

Maidir le Treoir 96/62/CE ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 1996 maidir le measúnú agus bainistiú cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh[65], Treoir 1999/30/CE ón gComhairle an 22 Aibreán 1999 a bhaineann le teorainnluachanna do dhé-ocsaíd sulfair, do dhé-ocsaíd nítrigine agus d'ocsaídí nítrigine, d'ábhar cáithníneach agus do luaidhe san aer comhthimpeallach[66], Treoir 2000/69/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2000 maidir le teorainnluachanna do bheinséin agus d'aonocsaíd charbóin san aer comhthimpeallach[67], Treoir 2002/3/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2002 maidir le hózón san aer comhthimpeallach[68] agus Cinneadh 97/101/CE ón gComhairle an 27 Eanáir 1997 lena mbunaítear malartú cómhalartach faisnéise agus sonraí ó líonraí agus stáisiúin aonair ina dtomhaistear truailliú an aeir chomhthimpeallaigh laistigh de na Ballstáit[69], ní mór iad a leasú go mór chun na forbairtí sláinte agus eolaíochta is déanaí agus taithí na mBallstát a ionchorprú. Ar mhaithe le soiléireacht, simpliú agus éifeachtúlacht riaracháin, is iomchuí dá bhrí sin Treoir aonair agus, i gcás inarb iomchuí, bearta cur chun feidhme a chur in ionad na gcúig acht sin.

↓ 2008/50 aithris 4 (oiriúnaithe)

Uair amháin atá taithí leordhóthanach gnóthaithe i dtaca le cur chun feidhme Threoir 2004/107/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2004 i ndáil le harsanaic, caidmiam, mearcair, nicil agus hidreacarbóin iltimthriallacha aramatacha san aer comhthimpeallach[70] féadfar féachaint an bhféadfaí a forálacha a chumasc le forálacha na Treorach seo.

↓ 2008/50 aithris 11

Is ábhar cáithníneach sármhín ($PM_{2,5}$) atá freagrach as mórthionchair dhiúltacha ar shláinte an duine. Anuas air sin, níl aon tairseach inaitheanta ann fós ar faoina bun a d'fhéadfaí a rá nach bhfuil baol ag baint le $PM_{2,5}$. Mar sin, níor cheart an truailleán sin a rialú ar an gcaoi chéanna le truailleáin aeir eile. Ba cheart cur chuige a úsáid a dhíríonn ar laghdú ginearálta ar

65 IO L 296, 21.11.1996, lch. 55. Treoir arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).
66 IO L 163, 29.6.1999, lch. 41. Treoir arna leasú le Treoir 2001/744/CE ón gCoimisiún (IO L 278, 23.10.2001, lch. 35).
67 IO L 313, 13.12.2000, lch. 12.
68 IO L 67, 9.3.2002, lch. 14.
69 IO L 35, 5.2.1997, lch. 14. Treoir arna leasú le Treoir 2001/752/CE ón gCoimisiún (IO L 282, 26.10.2001, lch. 69).
70 IO L 23, 26.1.2005, lch. 3.

~~chomhchruinnithe i gceantair uirbeacha lena áirithiú go mbainfidh codanna móra den daonra tairbhe as cáilíocht fheabhsaithe an aeir. Chun a áirithiú go mbeidh leibhéal íosta cosanta sláinte i ngach áit, áfach, ba cheart an cur chuige sin a chumasc le teorainnluach, ach roimhe sin leagfar síos sprioċluach sa chéad chéim.~~

---

↓ 2008/50 aithris 17

~~Na bearta Comhphobail is gá chun astaíochtaí a laghdú ag an bhfoinse, go háirithe chun feabhas a chur ar éifeachtacht na reachtaíochta Comhphobail maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha, chun astaíochtaí sceite as innill suiteáilte i bhfeithiclí tromshaothair a theorannú, astaíochtaí náisiúnta ceadaithe na mBallstát de thruailleáin thábhachtacha agus na hastaíochtaí a bhaineann le carranna peitril a athbhreoslú i stáisiúin pheitril a laghdú tuilleadh, agus aghaidh a thabhairt ar an gcion sulfair atá i mbreoslaí, lena n-áirítear breoslaí muirí, ba cheart do na hinstitiúidí go léir atá bainteach iad a scrúdú go cuí mar ábhar tosaíochta.~~

---

↓ 2008/50 aithris 18

~~Ba cheart pleananna a fhorbairt maidir le cáilíocht an aeir do limistéir nó ceirtleáin ina sáraíonn leibhéil na truailleáin in aer comhthimpeallach na sprioċluachanna ábhartha nó na teorainnluachanna ábhartha, mar aon le haon chorrlach lamhháltais, i gcás inarb infheidhme. Astaítear truailleáin aeir óna lán foinsí agus gníomhaíochtaí éagsúla. Chun comhleanúnachas idir beartais éagsúla a chinntiú, ba cheart na pleananna cáilíochta aeir sin a bheith comhsheasmhach i gcás inarb indéanta, agus comhtháite le pleananna agus cláir arna n-ullmhú de bhun Threoir 2001/80/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2001 maidir le huasteorainneacha náisiúnta do thruailleáin áirithe san aer ó ollghléasraí dócháin[71], Treoir 2001/81/CE, agus Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú[72]. Tabharfar aird go hiomlán freisin ar na cuspóirí maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh dá bhforáiltear sa Treoir seo, lena mbronntar ceadanna le haghaidh gníomhaíochtaí tionsclaíocha de bhun Threoir 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú[73].~~

---

↓ 2008/50 aithris 25 (oiriúnaithe)

~~Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach go leordhóthanach mar gheall ar chineál trasteorann truailleán aeir agus gur fearr, dá bhrí sin, is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.~~

---

↓ 2008/50 aithris 26

~~Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le pionóis is infheidhme i dtaca le sáruithe ar fhorálacha na Treorach seo agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ba cheart na pionóis sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.~~

---

71 ~~IO L 309, 27.11.2001, lch. 1. Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2006/105/CE.~~

72 ~~IO L 189, 18.7.2002, lch. 12.~~

73 ~~IO L 24, 29.1.2008, lch. 8.~~

↓ 2008/50 aithris 27 (oiriúnaithe)

~~Ba cheart forálacha áirithe de chuid na n-achtanna arna n-aisghairm leis an Treoir seo a bheith fós i bhfeidhm chun a áirithiú go leanfaidh na teorainneacha cáilíochta aeir atá ann do dhé-ocsaíd nítrigine de bheith i bhfeidhm go dtí go dtiocfaidh teorainneacha nua ina n-ionad ón 1 Eanáir 2010, go leanfaidh na forálacha tuairiscithe maidir le cáilíocht aeir de bheith i bhfeidhm go dtí go nglacfar bearta nua cur chun feidhme, agus go leanfaidh na hoibleagáidí a bhaineann le réamh-mheasúnuithe ar cháilíocht aeir a cheanglaítear faoi Threoir 2004/107/CE de bheith i bhfeidhm.~~

↓ 2008/50 aithris 31

~~Ba cheart na bearta is gá chun an Rialachán a chur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún[74].~~

↓ 2008/50 aithris 32

~~Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú chun Iarscríbhinn I go dtí Iarscríbhinn VI, Iarscríbhinn VII go dtí Iarscríbhinn X agus Iarscríbhinn XV a leasú. Ós rud é go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus go bhfuil siad ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, ní mór iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.~~

↓ 2008/50 aithris 33 (oiriúnaithe)

~~Leis an gclásal trasuite, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na tomhais riachtanacha i gceantair uirbeacha i bhfeidhm in am trátha chun an Táscaire Meánteagmhála a shainiú, lena ráthú go gcomhlíonfar na ceanglais a bhaineann le measúnú na Sprice Laghdaithe Neamhchosanta Náisiúnta agus ríomh an Táscaire Meánteagmhála,~~

74 ~~IO L 184, 17.7.1999, lch. 23. Cinneadh arna leasú le Cinneadh 2006/512/CE (IO L 200, 22.7.2006, lch. 11).~~

↓ 2008/50

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I

## FORÁLACHA GINEARÁLTA

↓ 2004/107

~~*Airteagal 1*~~

~~**Cuspóirí**~~

~~Is iad seo a leanas cuspóirí na Treorach seo:~~

~~(a) spriocluach a bhunú do thiús arsanaice, caidmiam, nicile agus beinsi(a)piréine san aer comhthimpeallach chun éifeachtaí díobhálacha arsanaice, caidmiam, nicile agus hidreacarbóin iltimthriallacha aramatacha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol ina iomláine a sheachaint, a chosc nó a laghdú;~~

~~(b) a áirithiú, maidir le harsanaic, caidmiam, nicil agus hidreacarbóin iltimthriallacha aramatacha, go gcoinneofar cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh san áit a bhfuil sé go maith agus go bhfeabhsófar í i gcásanna eile;~~

~~(c) modhanna agus critéir choiteanna a chinneadh chun measúnú a dhéanamh ar thiúchain hidreacarbón aramatach, arsanaice, caidmiam, mearcair, nicile agus iltimthriallach san aer comhthimpeallach chomh maith le deascadh arsanaice, caidmiam, mearcair, nicile agus hidreacarbón aramatach iltimthriallach;~~

~~(d) a áirithiú go bhfaighfear faisnéis leordhóthanach maidir le tiúchain arsanaice, caidmiam, mearcair, nicile agus hidreacarbón aramatach iltimthriallach san aer comhthimpeallach agus maidir le deascadh arsanaice, caidmiam, mearcair, nicile agus hidreacarbón aramatach iltimthriallach agus a áirithiú go gcuirfear ar fáil don phobal í.~~

⇩ nua

*Airteagal 1*

**Cuspóirí**

1. Leagtar amach sa Treoir seo cuspóir maidir le truailliú nialasach do cháilíocht an aeir, ionas go gcuirfear feabhas de réir a chéile ar cháilíocht an aeir laistigh den Aontas go leibhéil nach meastar a bheith díobhálach a thuilleadh do shláinte an duine

agus d'éiceachórais nádúrtha, mar a shainítear le fianaise eolaíoch, rud a chuirfidh le timpeallacht atá saor ó thocsainí faoi 2050 ar a dhéanaí.

2. Leagtar síos sa Treoir seo teorainnluachanna idirmheánacha, spriocluachanna, oibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála, cuspóirí maidir le tiúchan na meánteagmhála, leibhéil chriticiúla, tairseacha faisnéise, tairseacha foláirimh agus cuspóirí fadtéarmacha ('caighdeáin cáilíochta aeir') atá le comhlíonadh faoin mbliain 2030, agus a ndéanfar athbhreithniú rialta orthu ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 3.

3. Thairis sin, rannchuidíonn an Treoir seo leis an méid seo a leanas a bhaint amach: cuspóirí an Aontais maidir le laghdú truaillithe, bithéagsúlacht agus éiceachórais i gcomhréir leis an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, mar a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[75].

---

| ➜ 2008/50 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |
|---|

*Airteagal 2*

⌦ Ábhar ⌫

Sa Treoir seo, leagtar síos ⌦na⌫ beart~~a~~~~maidir leis an méid~~ seo a leanas:

1. ⌦ na bearta lena ndéantar ⌫ na cuspóirí maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a shainiú agus a bhunú, arna gceapadh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine agus ar shláine na timpeallachta ~~ina hiomláine~~ a sheachaint, a chosc nó a laghdú;

2. ⌦ bearta lena leagtar síos modhanna agus critéir chomhchoiteanna chun measúnú ⌫ ~~meas~~ a dhéanamh ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh sna Ballstáit ~~ar bhonn modhanna agus critéar comhchoiteann~~;

3. ⇨ Bearta chun faireachán a dhéanamh ar⇦ ~~faisnéis a fháil maidir le~~ cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh ~~le cabhrú chun dul i ngleic le truailliú aeir agus le núis~~, ar na treochtaí fadtéarmacha agus ar ~~an feabhas a eascraíonn as~~⇨thionchair⇦ beart náisiúnta agus bhearta an Aontais ~~agus an Chomhphobail~~⇨ ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh ⇦;

4. ⌦ bearta chun ⌫ a áirithiú go gcuirfear an fhaisnéis ~~sin~~ maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh ar fáil don phobal;

5. ⌦ bearta chun ⌫cáilíocht an aeir a choinneáil i gcás ina bhfuil sé go maith agus é a fheabhsú i gcásanna eile;

6. ⌦ bearta chun ⌫comhar breise a chur chun cinn idir na Ballstáit i dtaca le truailliú aeir a laghdú.

---

[75] Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030 (IO L 114, 12.4.2022, lch. 22).

⇩ nua

*Airteagal 3*

**Athbhreithniú rialta**

1. Faoin 31 Nollaig 2028, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, agus níos minice má léiríonn torthaí eolaíocha nua substaintiúla go bhfuil gá leis, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an bhfianaise eolaíoch a bhaineann le truailleáin aeir agus a n-éifeachtaí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol atá ábhartha chun an cuspóir a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach agus cuirfidh sé tuarascáil ina mbeidh na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

2. Déanfar measúnú san athbhreithniú féachaint an bhfuil na caighdeáin cáilíochta aeir is infheidhme fós iomchuí chun an cuspóir a bhaint amach maidir le héifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a sheachaint, a chosc nó a laghdú agus ar cheart truailleáin aeir bhreise a chumhdach.

Chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach, measfar san athbhreithniú an gá an Treoir seo a athbhreithniú d'fhonn ailíniú a áirithiú le Treoirlínte na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) maidir le Cáilíocht an Aeir agus leis an bhfaisnéis eolaíoch is déanaí.

Chun críocha an athbhreithnithe, cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas, *inter alia*, san áireamh:

(a) an fhaisnéis eolaíoch is déanaí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus ó eagraíochtaí ábhartha eile,

(b) forbairtí teicneolaíochta a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht an aeir agus ar a measúnú,

(c) cásanna a bhaineann le cáilíocht an aeir agus na tionchair ghaolmhara ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol sna Ballstáit,

(d) an dul chun cinn atá déanta maidir le bearta laghdaithe truailleán náisiúnta agus bearta laghaithe truailleán de chuid an Aontais a chur chun feidhme agus cáilíocht an aeir a fheabhsú.

3. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil cúnamh don Choimisiún chun an t-athbhreithniú a dhéanamh.

4. I gcás ina measfaidh an Coimisiún gurb iomchuí sin, mar thoradh ar an athbhreithniú, tíolacfaidh sé togra chun caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a athbhreithniú nó truailleáin aeir eile a chumhdach.

| |
|---|
| ➜ 2008/50 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |

*Airteagal 4 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha na Treorach seo ⌦ , tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas ⌫ :

(1) ciallaíonn ~~ciallóidh~~ 'aer comhthimpeallach'⌦⌫ aer lasmuigh sa trópaisféar, seachas láithreacha oibre mar a shainmhínítear ~~de réir~~ ⌦ in Airteagal 2 de ⌫Threoir 89/654/CEE[76] ón gComhairle áit a bhfuil feidhm le forálacha a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht ag an obair agus nach bhfuil rochtain rialta ag baill den phobal orthu;

(2) ciallaíonn ~~ciallóidh~~ ⌦'truailleán' ⌫aon substaint atá in aer comhthimpeallach agus ar dócha go mbeidh éifeachtaí díobhálacha aige ar shláinte an duine ~~agus/~~nó ar an gcomhshaol ~~ina iomláine~~;

(3) ciallaíonn ~~ciallóidh~~ ⌦⌫'leibhéal' tiúchan truailleáin in aer comhthimpeallach nó deascadh an truailleáin sin ar dhromchlaí laistigh de thréimhse ar leith;

| |
|---|
| ➜ 2004/107 (oiriúnaithe) |

~~*Airteagal 2*~~

~~**Sainmhínithe**~~

~~Chun críocha na Treorach seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe in Airteagal 2 de Threoir 96/62/CE, cé is moite den sainmhíniú ar 'spriocluach'.~~

~~Is iad seo a leanas cuspóirí na Treorach seo:~~

~~(a) ciallaíonn 'spriocluach' leibhéal socraithe ar bhonn an eolais eolaíoch, agus é d'aidhm aige éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine agus/nó ar an gcomhshaol ina iomláine a sheachaint, a chosc nó a laghdú, leibhéil atá le baint amach laistigh de thréimhse áirithe;~~

76 Treoir 89/654/CEE ón gComhairle an 30 Samhain 1989 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte don láthair oibre (an chéad Threoir leithleach de réir bhrí Airteagal 16 (1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 393, 30.12.1989, lch. 1). Treoir arna leasú go deireanach le Treoir 2007/30/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 165, 27.6.2007, lch. 21).

(4) ~~(b)~~ ciallaíonn 'deascadh iomlán ~~nó buile~~ ' mais iomlán na dtruailleán a aistrítear ón atmaisféar chuig dromchlaí ⌦, amhail ⌫ ~~(e.g.~~ithir, fásra, uisce, foirgnimh, ~~etc.)~~ i limistéar áirithe laistigh d'am áirithe;

---

↓ 2008/50 (oiriúnaithe)

(5) ~~18.~~⌦ciallaíonn⌫ ~~ciallóidh~~'$PM_{10}$' ábhar cáithníneach a ritheann trí ionraon méid-roghnaitheach, de réir mar a shainmhínítear sa mhodh tagartha chun $PM_{10}$, EN 12341, a shampláil agus a thomhas, agus éifeachtúlacht scoite 50 % ann ag an trastomhas aeraidinimiciúil 10 µm;

(6) ~~19.~~⌦ciallaíonn⌫ ~~ciallóidh~~'$PM_{2.5}$' ábhar cáithníneach a ritheann trí ionraon méid-roghnaitheach, de réir mar a shainmhínítear sa mhodh tagartha chun $PM_{2.5}$, EN 14907, a shampláil agus a thomhas, agus éifeachtúlacht scoite 50 % ann ag an trastomhas aeraidinimiciúil 2,5 µm;

~~(7)~~ ~~24.~~ ~~ciallóidh~~⌦ ciallaíonn ⌫ 'ocsaídí nítrigine' suim an chóimheasa measctha toirte (ppbv) d'aonocsaíd nítrigine (ocsaíd nítreach) agus dé-ocsaíd nítrigine arna cur in iúl mar aonaid de mhais-tiúchan dé-ocsaíde nítrigine (µg/m³);

---

↓ 2004/107 (oiriúnaithe)

~~(c) ciallaíonn 'tairseach uasmheasúnaithe' leibhéal a shonraítear in Iarscríbhinn II ar faoina bhun a fhéadfar teaglaim tomhas agus teicnící samhaltaithe a úsáid chun cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a mheas, i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Threoir 96/62/CE;~~

~~(d) ciallaíonn 'tairseach uasmheasúnaithe' leibhéal a shonraítear in Iarscríbhinn II ar faoina bhun a fhéadfar teaglaim tomhas agus teicnící samhaltaithe a úsáid chun cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a mheas, i gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Threoir 96/62/CE;~~

~~(e) ciallaíonn 'tomhais sheasta' tomhais a dhéantar ag láithreáin sheasta go leanúnach nó trí shampláil randamach, i gcomhréir le hAirteagal 6(5) de Threoir 96/62/CE;~~

(8) ~~(f)~~ciallaíonn 'arsanaic', 'caidmiam', 'nicil' agus 'beinsi(a)piréin' lánmhéid na n-eilimintí agus na gcomhdhúl sin sa chodán $PM_{10}$;

~~(g) ciallaíonn '$PM_{10}$' ábhar cáithníneach a ritheann trí ionraoin méid-roghnaitheach, de réir mar a shainmhínítear in EN 12341, le héifeachtúlacht scoite 50 % ag an trastomhas aeraidinimiciúil 10 µm;~~

(9) ~~(h)~~ ciallaíonn 'hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha' na comhdhúile orgánacha sin, atá comhdhéanta de dhá fháinne aramatacha chomhleáite ar a laghad atá déanta go hiomlán as carbón agus as hidrigin;

(10) ~~(i)~~ciallaíonn 'mearcair gásach iomlán' gal de mhearcair eiliminteach ($Hg^0$) agus mearcair gásach imoibríoch, i.e. speicis de mhearcair uiscethuaslagtha lena mbaineann galbhrú atá ard a dhóthain chun fanacht sa phas gásach;~~.~~

🡻 2008/50 (oiriúnaithe)

(11) ~~27.ciallóidh~~ ⌦ciallaíonn⌫ 'comhdhúile so-ghalaithe orgánacha' (VOC) comhdhúile orgánacha ó fhoinsí antrapaigineacha agus bithghineacha, seachas meatán, atá in ann ocsaídeáin fhótaiceimiceacha a tháirgeadh trí imoibrithe le hocsaídí nítrigine faoi lé sholas na gréine;

~~(12)~~ ~~28.~~ciallaíonn 'substaintí réamhtheachtacha ózóin' substaintí a chuireann le cruthú ózóin ar leibhéal na talún;~~,~~ ~~a bhfuil cuid de liostaithe in Iarscríbhinn X.~~

---

⇩ nua

(13) ciallaíonn 'carbón dubh' (BC) carbón dubh coibhéiseach (eBC) a dhíorthaítear ó mhodhanna optúla.

(14) ciallaíonn 'cáithníní sármhíne' (UFP) tiúchan líon na gcáithníní in $cm^3$ le haghaidh raon méide a bhfuil teorainn íosta ≤ 10 nm aige agus le haghaidh raon méide nach bhfuil aon srian leis an uasteorainn.

---

🡻 2008/50 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(15) ~~16.ciallóidh~~ ⌦ciallaíonn ⌫ 'limistéar' cuid de chríoch Ballstáit, de réir mar a theorannaíonn an Ballstát sin é chun críocha mheasúnú agus bainistiú cháilíocht an aeir;

(16) ~~17.ciallóidh~~ ⌦ciallaíonn⌫ 'ceirtleán' ~~limistéar is~~ comhchathair ina bhfuil daonra níos mó ná 250 000 áitritheoir nó, i gcás ina bhfuil daonra 250 000 áitritheoir nó níos lú ~~ann~~⌦ná sin⌫, ina bhfuil dlús daonra in aghaidh an $km^2$ le socrú ag na Ballstáit;

(17) ~~4.ciallóidh~~⌦ ciallaíonn⌫ 'measúnú' aon mhodh a úsáidtear chun leibhéil a thomhas, a ríomh, a thuar nó a mheas;

(18) ~~12.ciallóidh~~ ⌦ciallaíonn⌫'tairseach ~~uasta~~ measúnaithe' ⌦ an ⌫ leibhéal ~~faoinar féidir meascán de thomhais sheasta agus teicníochtaí samhaltaithe agus/nó tomhais thásceacha~~ ⇨ lena gcinntear an córas measúnaithe is gá ⇦a úsáid chun cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a mheas;

~~13. ciallaíonn 'tairseach íosta measúnaithe' leibhéal faoi nach féidir ach teicníochtaí samhaltaithe nó teicníochtaí meastóireachta oibiachtúla a úsáid chun cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a mheas;~~

(19) ~~25.~~ ~~ciallóidh~~ ⌦ ciallaíonn ⌫ 'tomhais sheasta' tomhais a dhéantar ag ⇨ pointí samplála ⇦ ~~suíomhanna seasta~~, go leanúnach nó trí shampláil randamach, ⇨ ag suíomhanna seasta ar feadh 1 bhliain féilire ar a laghad ⇦ chun na leibhéil a chinneadh i gcomhréir leis na cuspóirí ábhartha maidir le cáilíocht sonraí;

(20) ~~26.~~ ~~ciallóidh~~ ⌦ ciallaíonn ⌫ 'tomhais tháscacha' tomhais a chomhlíonann cuspóirí cáilíochta sonraí nach bhfuil chomh dian leis na tomhais a cheanglaítear le haghaidh tomhais sheasta;

---

⇩ nua

(21) ciallaíonn 'meastachán oibiachtúil' modh measúnaithe chun faisnéis chainníochtúil nó cháilíochtúil a fháil maidir le tiúchan nó leibhéal deasctha truailleáin trí bhreithiúnas saineolach, lena bhféadfaí úsáid uirlisí staidrimh, cianbhraiteacht, agus braiteoirí *in situ* a áireamh;

(22) ciallaíonn 'ionadaíochacht spásúil' cur chuige measúnaithe ina bhfuil na méadrachtaí cáilíochta aeir a bhreathnaítear ag pointe samplála ionadaíoch ar limistéar geografach atá sainithe go sainráite sa mhéid nach bhfuil difríocht níos mó ná leibhéal lamháltais réamhshainithe idir méadrachtaí cáilíochta aeir laistigh den limistéar sin agus na méadrachtaí a breathnaíodh ag an bpointe samplála;

---

🡇 2008/50 (oiriúnaithe)

(23) ~~23.~~ ~~ciallóidh~~⌦ciallaíonn⌫ 'cúlsuíomhanna uirbeacha' áiteanna i gceantair uirbeacha ina bhfuil na leibhéil ionadaíoch ar theagmháil an daonra uirbigh ghinearálta;

---

⇩ nua

(24) ciallaíonn 'cúlsuíomhanna tuaithe' áiteanna i gceantair thuaithe ina bhfuil dlús an daonra íseal agus ina bhfuil na leibhéil ionadaíoch ar theagmháil an daonra tuaithe ghinearálta;

(25) ciallaíonn 'sárláithreán faireacháin' stáisiún faireacháin ag cúlsuíomh uirbeach nó ag cúlsuíomh tuaithe ina gcomhcheanglaítear iliomad pointí samplála chun sonraí fadtéarmacha a bhailiú maidir le roinnt truailleán;

---

🡇 2008/50 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(26) ~~5.~~ ~~ciallóidh~~ ⌦ciallaíonn ⌫'teorainnluach' leibhéal⌦ nár cheart é a shárú agus atá ⌫ socraithe ar bhonn an eolais eolaíoch, agus é d'aidhm aige éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine ~~agus/~~nó ar an gcomhshaol a sheachaint, a chosc nó a laghdú ~~ina iomláine, leibhéal atá le baint amach laistigh de thréimhse áirithe agus nach féidir a shárú a luaithe a bhainfear amach iad~~;

(27) ~~9.ciallóidh~~⌦ ciallaíonn ⌫ 'spriocluach ⇨ ózóin ⇦ ' leibhéal socraithe ⇨ ar bhonn an eolais eolaíoch, ⇦ agus é d'aidhm aige éifeachtaí díobhálacha ⇨ ó ózón ⇦ ar shláinte an duine ~~agus/~~nó ar an gcomhshaol a sheachaint, a chosc nó a laghdú ~~ina iomláine~~, leibhéal is ceart ⌦ cloí leis ⌫ ~~a bhaint amach~~ nuair is féidir thar thréimhse áirithe;

(28) ~~20.ciallóidh~~ ⌦ ciallaíonn ⌫'táscaire meánteagmhála' meánleibhéal arna chinneadh ar bhonn na dtomhas ag cúlsuíomhanna uirbeacha ar fud ~~críoch Ballstáit~~ ⇨ an aonaid chríochaigh ag NUTS leibhéal 1 de réir mar a thugtar tuairisc air i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003, nó, i gcás nach bhfuil aon cheantar uirbeach suite san aonad críochach sin, ag culsuíomhanna tuaithe, ⇦ ina léirítear teagmháil an daonra~~. It is,~~ úsáidtear é chun a ~~calculate~~ ⇨ sheiceáil cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh ⇦ an ~~national~~ ⇨ oibleagáid ⇦ maidir le laghdú ⇨ meánteagmhála ⇦ ~~target~~ agus an ⇨ cuspóir ⇦ maidir le tiúchan ~~obligation~~ ⇨ meánteagmhála don aonad críochach sin ⇦ ;

~~(29) 22.ciallóidh~~ ⌦ciallíonn⌫'an ⇨ oibleagáid ⇦ ~~sprioc~~ maidir le laghdú ~~náisiúnta~~⇨ meánteagmhála ⇦' laghdú céatadáin ar mheánteagmháil an daonra⇨, arna shloinneadh mar tháscaire meánteagmhála, ⇦ d'⇨aonad críochach ag NUTS leibhéal 1 de réir mar a thugtar tuairisc air i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[77]⇦ ~~Ballstát~~ atá socraithe don bhliain thagartha agus é mar aidhm aige laghdú a bhaint amach ar éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine, atá le baint amach ~~nuair is gá~~ thar thréimhse áirithe;

(30) ~~21.ciallóidh~~⌦ciallaíonn⌫ ⇨'oibleagáid⇦ maidir le tiúchan ⇨meánteagmhála⇦' leibhéal ~~socraithe ar bhonn~~ den táscaire meánteagmhála ⌦ atá le baint amach, ⌫ agus é mar aidhm aige na héifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a laghdú~~a bheidh le baint amach~~ ~~thar thréimhse áirithe~~;

(31) ~~6.ciallóidh~~⌦ciallaíonn⌫ 'leibhéal criticiúil' leibhéal ~~socraithe ar bhonn an eolais eolaíoch,~~ a bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha díreacha a bheith ann ar roinnt gabhdóirí má sháraítear é, gabhdóirí ar nós crann, plandaí eile nó éiceachórais nádúrtha ach ní daoine;

(32) ~~11.ciallóidh~~ ⌦ciallaíonn⌫ 'tairseach faisnéise' leibhéal a bhfuil baol ann, má sháraítear é, do shláinte an duine mar thoradh ar theagmháil ghearrthréimhseach i gcás ~~codanna den~~ daonra íogair ⌦agus grúpaí leochaileacha⌫ ar leith a bhfuil gá le faisnéis láithreach iomchuí ina leith;

(33) ~~10.ciallóidh~~ ⌦ciallaíonn⌫ 'tairseach foláirimh' leibhéal a bhfuil baol ann, má sháraítear é, do shláinte an duine mar thoradh ar theagmháil ghearrthréimhseach don daonra iomlán, agus ag a bhfuil bearta láithreacha le déanamh ag ~~na~~ Ballstáit;

~~7. ciallaíonn 'corrlach lamháltais' an céatadán den teorainnluach faoinar féidir an luach sin a shárú faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa Treoir seo;~~

(34) ~~14.ciallóidh~~ ⌦ciallaíonn⌫ 'cuspóir fadtéarmach' leibhéal atá le baint amach san fhadtéarma, ach amháin i gcás nach féidir é sin a dhéanamh trí bhearta comhréireacha, agus é d'aidhm aige cosaint éifeachtach a chur ar fáil do shláinte an duine agus don chomhshaol;

---

77 Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú coiteann ar aonaid chríochacha le haghaidh staitisticí (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

(35) ~~15.ciallóidh~~⌦ciallaíonn⌫ 'rannchuidiú ó fhoinsí nádúrtha' astaíochtaí truailleán nach n-eascraíonn go díreach ná go hindíreach as gníomhaíochtaí an duine, lena n-áirítear teagmhais nádúrtha ar nós brúchta bholcánaigh, gníomhaíochtaí seismeacha, gníomhaíochtaí geoiteirmeacha, dóiteáin fhiathalún, imeachtaí ardghaoithe, cáitheadh farraige nó cáithníní nádúrtha ó réigiúin thirime á athfhuaidreamh nó a n-iompar san atmaisféar;

(36) ~~8.ciallóidh~~ ⌦ ciallaíonn ⌫ 'pleananna cáilíochta aeir' pleananna ina leagtar síos bearta chun na teorainnluachanna, ~~nó~~ spriocluachanna ⇨ ózóin ⇦⇨ nó oibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála ⇦ ~~a bhaint amach~~ ⌦ a chomhlíonadh ⌫;

---

⇩ nua

(37) ciallaíonn 'pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha' pleananna ina leagtar amach bearta éigeandála atá le déanamh sa ghearrthéarma chun an riosca láithreach nó an fad a sháraítear na tairseacha foláirimh a laghdú;

(38) ciallaíonn 'an pobal lena mbaineann' an pobal a ndéanann sáruithe ar chaighdeáin cáilíochta aeir difear dóibh, nó a bhfuil leas acu sna nósanna imeachta cinnteoireachta a bhaineann le cur chun feidhme na n-oibleagáidí faoin Treoir seo, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint shláinte an duine nó an chomhshaoil chun cinn agus a chomhlíonann aon cheanglais faoin dlí náisiúnta;

(39) ciallaíonn 'daonra íogair agus grúpaí leochaileacha' na grúpaí daonra sin atá níos leochailí do theagmháil le haerthruailliú ná an meándaonra, toisc go bhfuil íogaireacht níos airde nó tairseach níos ísle acu maidir le héifeachtaí ar an tsláinte nó toisc go bhfuil cumas laghdaithe acu iad féin a chosaint.

---

🡻 2008/50

*Airteagal 5 ~~3~~*

**Freagrachtaí**

Ainmneoidh na Ballstáit ag na leibhéil iomchuí na húdaráis agus comhlachtaí inniúla atá freagrach as an méid seo a leanas:

(a) measúnú ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh;

(b) ceadú na gcóras tomhais (modhanna, trealamh, líonraí agus saotharlanna);

(c) beachtas na dtomhas a áirithiú;

---

⇩ nua

(d) cruinneas na bhfeidhmchlár samhaltaithe a áirithiú;

➜ 2008/50 (oiriúnaithe)

(ed) anailís ar mhodhanna measúnaithe;

(fe) comhordú ar a gcríoch más rud é go bhfuil cláir dhearbhaithe cáilíochta ar fud an Chomhphobail ⌦an Aontais⌫ á n-eagrú ag an gCoimisiún;

(gf) comhar leis na Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún;.

⇩ nua

(h) pleananna cáilíochta aeir a bhunú;

(i) pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha a bhunú.

➜ 2008/50 (oiriúnaithe)
⇨ nua

I gcás inarb ábhartha, comhlíonfaidh na húdaráis agus comhlachtaí inniúla Roinn C Pointí E agus F d'Iarscríbhinn VI.

*Airteagal 64*

**Limistéir agus ceirtleáin a bhunú**

Bunóidh na Ballstáit limistéir agus ceirtleáin ar fud a gcríche⇨, lena n-áireofar, i gcás inarb iomchuí chun measúnú agus bainistiú a dhéanamh ar cháilíocht an aeir, ar leibhéal na gceirtleán⇦. Déanfar measúnú agus bainistiú ar cháilíocht an aeir i ngach limistéar agus i ngach ceirtleán.

## CAIBIDIL II

## MEASÚNÚ AR CHÁILÍOCHT AN AEIR CHOMHTHIMPEALLAIGH ⌦AGUS AR RÁTAÍ DEASCTHA⌫

~~*ROINN 1*~~

~~***Measúnú ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh i ndáil le dé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd nítrigine agus oscaídí nítrigine, ábhar cáithníneach, luaidhe, beinséin agus aonocsaíd charbóin***~~

*Airteagal 7 ~~5~~*

**Córas measúnaithe**

1. Na tairseacha measúnaithe ~~uasta agus íosta~~ a shonraítear in ~~Roinn A d'~~Iarscríbhinn II, beidh feidhm acu maidir le dé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd nítrigine agus ocsaídí nítrigine, ábhar cáithníneach ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$), luaidhe, beinséin~~,~~ ~~agus~~ aonocsaíd charbóin⌦, arsanaic, caidmiam, nicil agus hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha san aer comhthimpeallach⌫.

Déanfar gach limistéar ~~agus ceirtleán~~ a rangú i dtaca leis na tairseacha measúnaithe sin.

2. ~~Athbhreithneofar~~⌦Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar⌫ an~~An~~ rangú dá dtagraítear i mír 1 gach ⌦ 5 ⌫ ~~cúig~~ bliana ar a laghad i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos sa ⌦ mhír seo ⌫ ~~Roinn B d'Iarscríbhinn II~~. Déanfar aicmithe a athbhreithniú níos minice, áfach, i gcás athruithe suntasacha ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le hastaíochtaí truailleán aeir agus modhnú a dhéanamh ar thoradh na dtiúchan comhthimpeallach de dhé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd nítrigine⌦ agus ⌫ ~~nó, i gcás ábhartha,~~ ocsaídí nítrigine, ábhar cáithníneach ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$), luaidhe, beinséin~~,~~ ~~nó~~ aonocsaíd charbóin ⌦ , arsanaic, caidmiam, nicil, beinsi(a)piréin nó ózón⌫.

~~**B. Cinneadh maidir le sáruithe na dtairseacha uasta agus íosta measúnaithe**~~

Cinnfear sáruithe ar na tairseacha measúnaithe ~~uasta agus íosta~~ ar bhonn na dtiúchan le linn na ⌦5⌫~~gcúig~~ bliana roimhe sin i gcás ina bhfuil go leor sonraí ar fáil. Measfar tairseach measúnaithe a bheith sáraithe más rud é gur sáraíodh é le linn ⌦3⌫~~dtrí~~ bliana ar leithligh, ar a laghad, as na ⌦ 5 ⌫~~cúig~~bliana sin roimhe sin.

